Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033:

## Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta





# Brollach na nAirí

Is scileanna bunúsacha iad an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach. Tá an t-ádh linn in Éirinn go bhfuil leibhéil arda uimhearthachta agus litearthachta againn, ach tá sé ríthábhachtach an infheistíocht agus an uaillmhian a choinneáil sa réimse seo agus cur le scileanna litearthachta digití.

I *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta*, leagtar amach fís shoiléir agus cur chuige cuimsitheach inti chun tacú leis na leanaí agus na daoine fásta óga uile leis na scileanna seo a fhorbairt. Beidh an ról ríthábhachtach atá ag oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí, múinteoirí, ceannairí fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus ceannairí na scoile, tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne, lárnach do rathúlacht na straitéise. Tógann an straitéis seo ar rathúlacht na straitéise seo agus tá sí bunaithe ar thaighde agus ar chomhairliúchán fairsing.

Tá cuid mhór tar éis athrú in Éirinn ó lainseáladh straitéis 2011 den chéad uair, sa chóras oideachais agus sa tsochaí i gcoitinne araon. Sna blianta dár gcionn, tharla forbairt nach rabhthas ag súil léi sa luathfhoghlaim agus sa luathchúram in Éirinn, i measc an t-aitheantas atá ann go forleathan agus atá ag teacht chun cinn ar an tábhacht a bhaineann leis an taithí luath-óige leis an mbunús a leagan síos don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Chomh maith leis sin, bhí clár athchóiriú curaclaim agus measúnaithe nach rabhthas ag súil leis ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile. Tugtar tacaíocht anois ar an leanúnachas agus ar an dul chun cinn i bhforbairt na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha trí ailíniú feabhsaithe na gcreatchuraclam i ngach céim uile den oideachas. Rinneadh athchóiriú ar oideachas múinteoirí freisin ó 2011, agus tá lucht saothair na luathfhoghlama agus an luathchúraim ag dul trí phróiseas mear d'fhás agus d'fhorbairt ghairmiúil.

Táimid ag maireachtáil anois i sochaí ilteangach atá faoi bhláth ina bhfuil níos mó ná 200 teanga bhaile á labhairt. Aithnítear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar theanga dúchais agus neamhspleách agus tá an Ghaeilge agus an t-oideachas lán-Ghaeilge fós mar fhócas tosaíochta ag gach céim den chóras oideachais. Tá dul chun cinn mear á dhéanamh sa teicneolaíocht, agus an ról atá aici sa tsochaí agus san oideachas, ina gcuirtear deis iontach agus dúshláin nach raibh ann riamh cheana i láthair.

Agus muid ag féachaint i dtreo na ndeich mbliana atá amach romhainn, táimid ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh a rinneadh sna deich mbliana roimhe seo agus forbairt a dhéanamh. Beidh fócas athnuaite againn ar na bearnaí gnóthachtála a laghdú, ina gcinnteofar go mbeidh deiseanna ag ár bhfoghlaimeoirí uile chun na scileanna agus na cumais a fhorbairt atá ag teastail i ngach ceann dár réimsí straitéiseacha. Déanfar dul chun cinn air seo agus ag an am céanna tabharfar tacaíocht d'fholláine foghlaimeoirí agus ullmhófar foghlaimeoirí leis na scileanna anailíseacha, cruthaitheacha agus smaointeoireachta criticiúla chun tacú leo le dul in oiriúint agus le bheith rathúil i dtimpeallachtaí atá ag athrú go mear.

Beidh an phríomhstraitéis náisiúnta seo mar bhonn agus mar thaca ag obair an dá Roinn do na deich mbliana amach anseo. Cé go mbeidh an dá Roinn i mbun na straitéise, beidh an cur i bhfeidhm á dhéanamh trí chur chuige tras-roinne agus i ndlúthchomhar le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, scoileanna, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, údaráis áitiúla, teaghlaigh, pobail agus dreamanna eile.



**Roderic O'Gorman, TD**
**An tAire Leanaí**



**Norma Foley, TD**
**An tAire Oideachais**

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Achoimre | | 6 |
| Roinn 1: | Réamhrá | 8 |
| 1.1 | An comhthéacs a thabhairt | 9 |
| 1.2 | An fáth a bhfuil gá le straitéis náisiúnta nua | 9 |
| 1.3 | An méid atá bainte amach sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach ó 2011 | 11 |
| 1.4 | Ag tógáil ar bhonn láidir straitéis 2011 | 12 |
| Roinn 2: | I dtreo straitéise nua litearthachta, uimhearthachta, agus litearthachta digití | 14 |
| Fíor 2 | | 15 |
| 2.1 | Taighde | 15 |
| 2.2 | An Próiseas Comhairliúcháin 16 | |
| 2.3 | Na heochairthéamaí don litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach | 17 |
| Roinn 3: | Fís | 21 |
| Roinn 4: | Sainmhínithe agus cad atá san áireamh sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach sa luath-óige, sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil | 24 |
| 4.1 | An Litearthacht | 25 |
| 4.2 | An Uimhearthacht | 29 |
| 4.3 | An Litearthacht Dhigiteach | 33 |
| Roinn 5: | Cuspóirí thar chúig cholún sa chóras oideachais | 36 |
| Colún 1: | Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí | 38 |
| Colún 2: | Ag tacú leis an gcleachtas gairmiúil d’oideoirí luathbhlianta, d’fheighlithe leanaí agus de mhúinteoirí | 39 |

| | | |
|---|---|---|
| Colún 3: | Ag tacú leis an gceannaireacht i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige sa chóras scoile | 41 |
| Colún 4: | Feabhas a chur ar thaithí an fhoghlaimeora tríd an gcuraclam, an oideolaíocht agus an measúnú | 42 |
| Colún 5: | Ag tacú le foghlaimeoirí éagsúla chun barr a gcumais a bhaint amach | 44 |
| Roinn 6: | Cur i bhfeidhm agus an rathúlacht a thomhas | 46 |
| Aguisín 1: | Giorrúcháin | 52 |
| Aguisín 2: | Gluais | 53 |
| Aguisín 3: | Feabhsúcháin ar an méid atá bainte amach do leanaí agus do dhaoine óga ó 2011 | 56 |
| Aguisín 4: | Straitéisí agus polasaithe ríthábhachtacha | 69 |
| Aguisín 5: | An Grúpa Stiúrtha Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití | 71 |
| | Bibleagrafaíocht Roghnaithe | 72 |

# Achoimre

In *Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta: Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033 (ar a dtugtar an straitéis amach anseo)*, táthar ag iarraidh leathnú agus forbairt a dhéanamh ar mhian agus éachtaí na straitéise roimhe seo *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 (straitéis 2011)*.

Forbraíodh an straitéis trí chomhoibriú tras-roinne idir an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). San áireamh sa straitéis, tá gach céim de thuras an fhoghlaimeora ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige (FCLÓ) go dtí an iar-bhunscoil. Tá sé mar aidhm aici forbairt na scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta, agus litearthachta digití, an eolais agus na meonta a chur chun cinn lena n-áirítear eolas an bhealaigh rathúil a dhéanamh trí dhomhan digiteach a bhíonn ag síorathrú.

Gné lárnach den straitéis is ea an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil agus tacaíocht a aithint agus bonn láidir á bhunú sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach le linn bhlianta múnlaitheacha an linbh. Dá réir sin, sa straitéis, tugtar tús áite don fhorbairt san FCLÓ lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach leanbh ar thaithí foghlama ardcháilíochta a chuireann forbairt na scileanna chun cinn ó aois óg.

De réir mar a dhéanann foghlaimeoirí dul chun cinn ón luath-óige, leagtar amach sa straitéis an tábhacht a bhaineann le hidirghabhálacha saincheaptha a chur ar fáil ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Clúdaíonn sé seo tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo cur le cleachtais teagaisc, forbairt churaclaim agus modheolaíochtaí measúnaithe chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhorbairt scileanna liteartachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

Sa straitéis, táthar ag iarraidh tús áite a thabhairt don fhoghlaim ghairmiúil ardcháilíochta agus forbairt a dhéanamh uirthi d'oideoirí luathbhlianta[1] agus d'fheighlithe leanaí, do mhúinteoirí[2], agus don suíomh FCLÓ agus do cheannairí scoile. Tá sé mar aidhm aici freisin leas níos éifeachtaí a bhaint as an measúnú trí dhúshlán níos mó a thairiscint do gach foghlaimeoir.

Chomh maith leis sin, leagtar béim sa straitéis ar an tábhacht a bhaineann le timpeallachtaí foghlama tacúla a chothú ina bhfuil meas ar an éagsúlacht, ina gcuirtear an uileghabhálacht chun cinn, agus ina gceiliúrtar na láidreachtaí agus cumais ar leith atá ag gach foghlaimeoir. Meastar go bhfuil sé riachtanach go mbeidh comhoibriú agus comhpháirtíocht i measc na bpáirtithe leasmhara éagsúla, oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí, teaghlaigh, pobail agus lucht déanta beartais ina measc, leis an bhfís a bhaint amach atá leagtha amach sa straitéis.

---

1 Déanann oideoir luathbhlianta tagairt dóibh siúd uile atá ag obair le leanaí i FCLÓ ionadbhunaithe mar atá sainmhínithe ag '*Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre d'Fhoghaim agus Cúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí ar Aois Scoile, 2022-2028*'.

2 Cuimsíonn múinteoirí baill foirne teagaisc ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.

Sa straitéis, atá bunaithe ar thaighde mionchúiseach, in éineacht le próiseas comhairliúcháin forleathan agus fairsing, cuirtear sainmhínithe ar fáil ar an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Tá mionsonraí inti freisin faoin gcaoi a mbeidh eispéireas litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ag an bhfoghlaimeoir ag gach leibhéal ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige go dtí an iar-bhunscoil.

Leagtar amach inti cuspóirí faoi chúig phríomhcholún:

| | |
|---|---|
| **Colún 1** | Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí. |
| **Colún 2** | Ag tacú leis an gcleachtas gairmiúil d'oideoirí luathbhlianta agus de mhúinteoirí. |
| **Colún 3** | Ag tacú leis an gceannaireacht i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige sa chóras scoile. |
| **Colún 4** | Feabhas a chur ar thaithí an fhoghlaimeora tríd an gcuraclam, an oideolaíocht agus an measúnú. |
| **Colún 5** | Ag tacú le foghlaimeoirí éagsúla chun barr a gcumais a bhaint amach. |



# Roinn 1

# Réamhrá

## 1.1 An comhthéacs a thabhairt

Is é is mian le Rialtas na hÉireann go mbeadh na scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ag gach foghlaimeoir le bheith rathúil i sochaí an lae inniu atá ag athrú ar luas lasrach. Tá na scileanna seo mar an bhunchloch don éacht phearsanta agus oideachasúil, ina gcuirtear bealach ar fáil le rochtain a dhéanamh ar eolas, faisnéise agus deiseanna. Tá straitéis a bhfuil mar aidhm aici na scileanna seo a chothú agus a fheabhsú ó bhreith go duine óg fásta, riachtanach leis an bhfolláine, rochtain chothrom ar oideachas, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, agus fobairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch, a chinntiú. Aithnítear freisin ról lárnach an bhaile agus an phobail i gcoitinne. Sa straitéis, baintear tairbhe as an gcomhoibriú tras-roinne idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## 1.2 An fáth a bhfuil gá le straitéis náisiúnta nua

I straitéis 2011, leagtar amach gníomhartha agus spriocanna náisiúnta um fheabhsú don litearthacht agus don uimhearthacht i suíomhanna FCLÓ, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. San *Athbhreithniú Eatramhach den Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 : Athbhreithniú Eatramhach : 2011-2016* (athbhreithniú eatramhach 2017), a foilsíodh in 2017, aithníodh an dul chun cinn suntasach a baineadh amach i dtreo spriocanna 2011 a bhaint amach. Leagadh béim ann go raibh gá le díriú níos mó ar sholáthar FCLÓ, uimhearthacht, míbhuntáiste oideachais, soláthar d'fhoghlaimeoirí atá níos cumasaí, an litearthacht as Gaeilge, agus an litearthacht dhigiteach. In athbhreithniú 2017, leagadh amach spriocanna agus gníomhartha nua sna réimsí seo.



Ó 2011, d'athraigh an tírdhreach oideachais go suntasach, mar gheall ar riachtanais pholaitiúla agus shochaíocha, dul chun cinn sa teicneolaíocht, agus tuiscintí oideolaíocha. Sna hathruithe seo, léirítear tuiscint níos leithne nach mór do chúrsaí oideachais a bheith inoiriúnaithe, cuimsitheach, agus ag féachaint chun cinn le daoine a ullmhú le bheith rathúil i ndomhan atá ag síorathrú. San áireamh sna hathruithe, tá an méid seo a leanas:

- Go bhfuil foghlaimeoirí as cúlraí éagsúla cultúrtha agus teangeolaíochta glactha ag suíomhanna FCLÓ agus ag pobail scoileanna.
- Go ndearna an earnáil FCLÓ dul chun cinn suntasach ó thaobh scála, infheistíochta poiblí, agus foghlama gairmiúla de.
- Go bhfuil úsáid mhéadaithe teicneolaíochtaí digiteacha i seomraí ranga bunscoile agus iar-bhunscoile.
- Go bhfuil aitheantas tugtha atá ag fás ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim mhothúchánach agus shóisialta agus scileanna a chomhtháthú a ullmhaíonn foghlaimeoirí go hacadúil do chastachtaí an tsaoil nua-aimseartha.
- Go bhfuil gá ann atá aitheanta d'fhoghlaimeoirí chun an smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus scileanna digiteacha a fhorbairt.
- Go n-aithnítear i bpolasaithe agus cleachtais oideachasúla, an gá atá ann d'oideoirí chun soláthar a dhéanamh do riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí, dá bhrí sin an uileghabhálacht agus an cothromas a chur chun cinn i ndeiseanna foghlama.



Tá feasacht atá ag fás ar an tábhacht a bhaineann le guth, gníomhú agus rannpháirtíocht an fhoghlaimeora. D'fhorbair an bhaint atá ag tuismitheoirí agus ag pobail san fhorbairt beartais agus sa soláthar oideachasúil go suntasach ó 2011. Leagtar béim níos mó ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht idir suíomhanna FCLÓ, scoileanna, teaghlaigh, agus pobail, ina bhfuil cuir chuige atá níos ionchuimsithí agus níos éifeachtaí chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí[3].

Tá an córas oideachais fós ag leanúint ar aghaidh chun glacadh leis na dúshláin nua seo, ar nós na cinn a bhí ann de bharr phaindéim Covid-19. Cé gur laghdaíodh dúntaí sealadacha na suíomhanna FCLÓ, bhí tionchar ar naíonáin agus ar leanaí óga de bharr an teagmháil fhsiciúil shrianta agus na teorainneacha a cuireadh ar thaithí foghlama ar leith. Ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon, bhí tionchar ag dúnadh na scoileanna agus an cur isteach ar an bhfoghlaim dá bharr ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí i réimsí áirithe den churaclam. Bhí tionchar díréireach ag na dúntaí seo ar an oideachas de chohóirt áirithe d'fhoghlaimeoirí. Ina theannta sin, bhí tionchar diúltach ag dúnadh na scoileanna ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha na bhfoghlaimeoirí agus ar a bhfolláine ar an iomlán.

3 Déanann tuismitheoirí tagairt do mháithreacha, aithreacha, iad siúd a bhfuil freagracht tuismitheora orthu i gcaidreamh tuismitheoireachta éagsúil. D'fhéadfadh tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla, agus cúramóirí.

## 1.3 Éachtaí sa litearthacht, uimhirtheacht agus litearthacht dhigiteach ó 2011

I straitéis 2011 agus in athbhreithniú eatramhach 2017, cuireadh conair dhearfach agus uaillmhianach ar fáil i dtreo feabhas a chur ar na torthaí litearthachta agus uimhearthachta do na foghlaimeoirí uile agus tá béim níos mó ar an litearthacht dhigiteach ó 2017. Ba ghníomhartha agus spriocanna forleithne a bhí i gceist, ina rabhthas in ann monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn thar shaolré na straitéise. San áireamh sna héachtaí (féach Aguisín 3 le haghaidh tuilleadh sonraí) ó 2011, tá an méid seo a leanas:



- Tá athrú ó bhonn déanta ar thírdhreach fhoghlaim agus chúram na luath-óige.
- Tá feabhas ag teacht ar fheidhmíocht na bhfoghlaimeoirí in Éirinn sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.
- Tá athrú suntasach déanta ar an gcuraclam ag gach leibhéal.
- Tá méadú tagtha ar thacaíochtaí d'oideoirí luathbhlianta, do cheannairí i suíomhanna FCLÓ, do mhúinteoirí, agus do cheannairí scoile.
- Tá méadú tagtha ar dheiseanna d'fhoghlaimeoirí le dul i ngleic leis an litearthacht dhigiteach sa seomra ranga agus tríd an gcuraclam.
- Tá an cuimsiú agus cothromas sa soláthar oideachais fós ina dtosaíocht.
- Tá méadú tagtha sna tacaíochtaí don fhoghlaim lasmuigh de shuíomhann oideachais foirmiúla.
- Rinneadh forbairtí suntasacha san oideachas lán-Ghaeilge agus cuireadh tacaíochtaí breise Gaeilge ar fáil freisin do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Cé gur baineadh amach cuid mhór éachtaí ó 2011, is é is aidhm don straitéis tógáil orthu seo agus leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach d'fhoghlaimeoirí.

## 1.4 Ag tógáil ar bhunús láidir de straitéis 2011

Is é is aidhm don straitéis cur chuige níos comhtháite agus níos éifeachtaí a chruthú i dtreo an oideachais sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Seachas cur le hualach oibre na n-oideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí, agus ar shuíomh FCLÓ agus ar cheannairí scoile, táthar ag iarraidh cuíchóiriú a dhéanamh ar thionscnaimh atá ann cheana féin agus iad a láidriú, lena chinntiú go bhfuil tacaíocht agus acmhainní ar fáil do shuíomhanna FCLÓ agus do scoileanna.

Foilsíodh raon polasaithe agus straitéisí oideachais in Éirinn le deich mbliana anuas. Is é is aidhm don straitéis seo ailíniú a dhéanamh leo siúd a bhaineann leis an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach (féach Fíor 1 thíos agus Aguisín 4) ina bhfuil an *Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go 2030* – san áireamh, agus an chaoi inar féidir leis na cumais Litearthachta, Uimhearthachta agus Dhigiteacha tacú le Sprioc SFI 4.7[4]. Mar thoradh ar an ailíniú seo thar straitéisí agus thar pholasaithe, cuideoidh sé le suíomhanna FCLÓ agus le scoileanna chun naisc iomchuí a bhunú thar réimsí polasaithe éasgúla ach spleácha.



4 Faoi 2030, beidh an t-eolas agus na scileanna ag gach foghlaimeoir atá ag teastáil chun an Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc cinn eile, tríd an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus do stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamhfhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda agus tuiscint ar éagsúlacht chultúrtha agus ar ionchur an chultúir san fhorbairt inbhuanaithe.




Fíor 1 Príomhstraitéisí agus beartais

# Roinn 2

# I dTreo Straitéise Nua Litearthachta, Uimhearthachta, agus Litearthachta Digití

Bhí forbairt na straitéise treoraithe ag taighde agus comhairliúchán fairsing. Mar thoradh air seo, cinntíodh go raibh tuiscint chuimsitheach ar an tírdhreach oideachasúil reatha agus ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí ag gach leibhéal atá ag síorathru. Chuir na heochairthéamaí a d'eascair as an bpróiseas le ceapadh na straitéise.




**Fíor 2 Próiseas Taighde agus Comhairliúcháin**

## 2.1 Taighde

I mí na Bealtaine 2021, choimisiúnaigh an Roinn Oideachais athbhreithniú maidir leis an litearthacht (an litearthacht dhigiteach san áireamh) agus an uimhearthacht mar chuid de phróiseas forbartha na straitéise. Is í an Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. San athbhreithniú, cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

- Meastóireacht ar na torthaí ó straitéis 2011 thar na leibhéil foghlama agus cúraim luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile.
- Anailís ar an dul chun cinn sa churaclam agus in oideachas múinteoirí ó 2011.
- Scrúdú ar an taighde a chlúdaíonn na hearnálacha foghlama agus cúraim luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile sa litearthacht (an litearthacht dhigiteach san áireamh) agus an uimhearthacht.
- Athbhreithniú ar straitéisí litearthachta agus uimhearthachta i dtíortha éagsúla a bhí ann roimhe seo, atá ann faoi láthair agus atá beartaithe.
- Moltaí/gníomhartha atá molta a chur le chéile.



Cuireadh Fiche a hocht athbhreithniú chórasacha ar leith i gcrích mar aon leis an tuarascáil Torthaí ar an Straitéis Litearthachta Náisiúnta Maidir le CDSIS (DEIS) san Oideachas Luath-Óige, sa Bhunscoil agus san Iar-Bhunscoil (Shiel, French, Kennedy & McCormack, 2023). Sna hathbhreithnithe córasacha, rinneadh iniúchadh ar straitéisí, cuir chuige agus modheolaíochtaí oideolaíocha chun tacú leis an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach. Aithníodh iontu freisin na gnéithe cognaíocha agus mothaitheacha den fhoghlaim, lena n-áirítear guth agus gníomhú an fhoghlaimeora.

Sa tuarascáil deiridh, 'I dTreo Straitéis Nua-Litearthachta, Uimhearthachta, agus Litearthachta Digití: Léirbhreithniú ar an Litríocht,' tarraingítear na príomhchinntí taighde le chéile. Tugtar faoin litearthacht, an litearthacht dhigiteach, an uimhearthacht, na gnéithe measúnaithe, na meicníochtaí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí éagsúla síos tríd an gcuraclam, an fhoghlaim ghairmiúil, an cheannaireacht, agus rannpháirtíocht an teaghlaigh agus an phobail.

## 2.2 An Próiseas Comhairliúcháin

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin i mí na Nollag 2022 agus mar aidhm aige raon tuairimí a lorg faoi cad is brí leis an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach sa tsochaí chomhaimseartha. Baineadh úsáid as na cinntí ón tuarascáil taighde chun an próiseas comhairliúcháin a fhorbairt, ina raibh an méid seo a leanas san áireamh:

- **Comhairliúchán poiblí** – Taifeadadh tuairimí páirtithe leasmhrara poiblí trí shuirbhé ar líne, a chruthaigh 1,044 freagra. Anuas air sin, fuarthas tríocha a cúig aighneacht i scríbhinn ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus ó chomhlachtaí poiblí agus deonacha eile.
- **Sraith comhairliúchán spriocdhírithe leis na príomhpháirtithe leasmhara** – Cuireadh cúig fhócasghrúpa dhéag ar líne i gcrích. San áireamh sna rannpháirtithe bhí leanaí agus daoine óga ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna, oideoirí luathbhlianta agus ceannairí suíomhanna FCLÓ, múinteoirí agus ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile agus comhpháirtithe.
- **Imeacht comhairliúcháin deiridh na bpáirtithe leasmhara** – Ag deireadh an phróisis chomhairliúcháin, bhí imeacht comhairliúcháin do pháirtithe leasmhara in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh i mí na Bealtaine 2023. Bhí beagnach 150 rannpháirtí ag an imeacht a rinne iniúchadh ar roinnt de na príomhbhreathnóireachtaí a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin.

Sa chur chuige seo, leagadh síos an bunús láidir do straitéis dhinimiciúil agus fhreagrúil, ina mbeifear réidh le tabhairt faoi na dúshláin agus deiseanna éagsúla sa litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach san 21ú haois.

Tá tábhacht le heispéiris agus caidreamh na luath-óige.

Bíonn ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí agus ag pobail i gcothú agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim leanaí.

Tá gá le fócas athnuaite ar an uimhearthacht.

Tá gá le haistrithe éifeachtacha a dhéanann dul chun cinn ar an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.

Eochairthéamaí don litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach.

Tá gá le fócas méadaithe ar an litearthacht dhigiteach.

Ba chóir tús áite a thabhairt don fhoghlaim ghairmiúil ardchailíochta agus ba chóir í a fhorbairt.

Ní mór an measúnú a úsáid níos éifeachtaí.

Tá gá le dúshlán níos mó d'fhoghlaimeoirí a n-éiríonn níos fearr leo.

Is gá cur leis an taithí foghlama sa Ghaeilge

Is gá cur le tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí éagsúla.

Is gá tabhairt faoi na difríochtaí inscní sa mhéid a bhaintear amach sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Ba chóir forbairt a dhéanamh ar chleachtais ilteangacha agus ilchultúrtha.

## 2.3. Na heochairthéamaí don litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach

I gcinntí an taighde, sna torthaí comhairliúcháin, san athchóiriú ar an gcuraclam, agus sna straitéisí agus polasaithe atá ann cheana féin, aithníodh príomhthéamaí áirithe chun an cumas a chothú sa litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach. De réir mar a leanann cúrsaí oideachais ar aghaidh ag forbairt, éiríonn na téamaí seo an-tábhachtach d'oideoirí luathbhlianta agus do cheannairí suíomhanna, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, do lucht déanta beartais, agus do pháirtithe leasmhara araon.

Agus na freagraí spriocdhírithe á gcur i bhfeidhm ar na heochairthéamaí seo, cinnteofar go bhfaigheann foghlaimeoirí oideachas cuimsitheach ina n-ullmhaítear iad leis na scileanna atá riachtanach le go n-éireoidh leo. Ó na scileanna bunúsacha litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití go dtí an oilteacht sna réimsí seo, ní mór go mbeidh iarrachtaí straitéiseacha agus ionchuimsitheacha i gceist, ina gcothaítear timpeallacht foghlama inar féidir le gach foghlaimeoir a bheith rathúil agus ionchur fiúntach a bheith aige/aici sa tsochaí

- **Tá tábhacht ag baint le taithí agus caidreamh luath-óige.**

  Is am suntasach ar leith sa saol í an luath-óige nach mór a chothú, meas a bheith againn uirthi, agus tacaíocht a thabhairt di ina ceart féin agus ag an am céanna dul i bhfeidhm ar bhunús na foghlama uile amach anseo. Tá ról lárnach ag an gcaidreamh le daoine fásta agus an teagmháil fhreagrúil chairdiúil i bhforbairt leanaí i rith na tréimhse seo. Má thugtar tús áite don luathlitearthacht, ar nós cláir léitheoireachta roinnte agus

timpeallachtaí saibhre ó thaobh teanga de, cothaítear an sealbhú teanga, forbairt an stór focal, agus scileanna réamhléitheoireachta don saol níos déanaí. Má thugtar isteach coincheapa luathuimhearthachta trí thaithí shúgradhbhunaithe, forbraítear an réasúnaíocht spásúil, an tuiscint ar uimhreacha agus na hinniúlachtaí le fadhbanna a réiteach.

- **Bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí agus ag pobail chun foghlaim leanaí a chothú agus chun tacú léi.**

  Tá sé riachtanach ról ríthábhachtach na dtuismitheoirí, na dteaghlach agus na bpobal a aithint i bhfoghlaim leanaí. Téann tuismitheoirí i bhfeidhm ar na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití mar phríomhoideoirí. Le rannpháirtíocht leanúnach na dtuismitheoirí, tugtar tacaíocht do mhuinín na bhfoghlaimeoirí agus don mhéid a bhaineann siad amach, a atreisíonn luach an oideachais. Agus comhpháirtíochtaí láidre idir teaghlaigh, FCLÓ agus scoileanna, cuirtear an fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn. Le hacmhainní pobail, ar nós leabharlanna agus cláir tar éis scoile, cothaítear timpeallacht foghlama thacúil agus atreisítear tábhacht an oideachais sa tsochaí.

- **Tá gá le fócas athnuaite ar an uimhearthacht.**

  Ní mór tús áite a thabhairt d'fhorbairt na huimhearthachta agus cur chun cinn meonta dearfacha ón luath-óige go dtí an leibhéal iar-bhunscoile. Tá sé riachtanach coincheapa aoisoiriúnacha a theagasc ina ndéantar dul chun cinn leis na foghlaimeoirí. Tá an fhoghlaim chomhtháite, cuir chuige atá treoraithe ag leanaí, agus an súgradh ríthábhachtach sa luathuimhearthacht. Ag na leibhéil uile, agus béim leagtha ar na coincheapa ar nós cruth agus spás[5] agus sonraí, forbraítear an fheasacht mhatamaiticiúil. Ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, má dhéantar an uimhearthacht a chomhtháthú isteach in ábhair eile is féidir le foghlaimeoirí í a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus tuiscint chuimsitheach a fháil uirthi. Chomh maith leis sin, má dhéantar scileanna litearthachta digití a chomhtháthú, is féidir leis seo cur go mór leis an bhfoghlaim uimhearthachta, ina dtairgtear uirlisí idirghníomhacha, ionsamhluithe, agus feidhmchláir den saol mar atá a mheallann foghlaimeoirí agus a chuireann lena dtuiscint ar an uimhearthacht.

- **Tá gá le fócas méadaithe ar an litearthacht dhigiteach..**

  Is gá tús áite a thabhairt don litearthacht dhigiteach, de réir mar is cuí, agus ról lárnach ag an teicneolaíocht go fóill atá ag dul i méid. Agus dul chun cinn mear á dhéanamh ar theicneolaíochtaí digiteacha, na meáin shóisialta san áireamh, an méadú ar líon na bhfoinsí eolais ar líne, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós intleacht shaorga, tá scileanna litearthachta digití feabhsaithe ag teastáil ó fhoghlaimeoirí chun feidhmiú agus le bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol digiteach. San áireamh sa litearthacht dhigiteach, tá an tuiscint ar an tsaoránacht dhigiteach, príobháideachas sonraí, agus sábháilteacht ar líne. Agus foghlaimeoirí á n-ullmhú leis na scileanna seo, cuirtear ar a gcumas iad lena mbealach a dhéanamh tríd an tírdhreach digiteach go freagrach agus go tomhaiste agus ag an am céanna tabhairt faoi na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

5 Aithníodh cruth agus spás mar réimse laige thar líon timthriallta sa tástáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.

- **Riachtanais measúnaithe le húsáid níos éifeachtaí.**
  Baineann oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí úsáid as measúnú leanúnach chun bailiúchán, taifeadadh, léirmhíniú agus cumarsáid a dhéanamh maidir leis an bpróiseas foghlama. Tá modhanna measúnaithe éagsúla ann idir na leibhéil luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Sa luath-óige, is é atá i gceist leis an measúnú forbairt ar chur síos saibhir na naíonán agus na leanaí óga chun tacú agus cur lena bhfoghlaim. Mar thoradh ar an measúnú, cuidítear le láidreachtaí foghlaimeoirí agus réimsí feabhais a aithint, ag tacú leis an dul chun cinn leanúnach de réir mar a leanann siad ar aghaidh tríd an gcóras scoile. Sa deireadh thiar, ag an leibhéal iar-bhunscoile, baintear amach teastas dá bharr. Leis an measúnú éifeachtach, ina bhfuil an foghlaimeoir san áireamh agus ina bhfuil fócas foirmitheach mar is ceart, cuidítear le múinteoirí agus le ceannairí scoile na dúshláin agus an rathúlacht a aithint, ag cur na rannpháirtíochta agus na taithí foghlama dearfaí chun cinn. Tá gá ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar scileanna foghlaimeoirí san fheinmheasúnú. Leis seo, tabharfar úinéireacht dóibh dá gcuid foghlama agus cuideofar leo an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a fheiceáil níos soiléire. Ar an iomlán, is tosaíocht é tuilleadh forbartha ar an tuiscint ar measúnú éifeachtach sna suíomhanna FCLÓ agus scoileanna araon.

- **Is gá feabhas a chur an taithí foghlama agus ar na torthaí sa Ghaeilge.**
  Tá sé riachtanach do gach foghlaimeoir feabhas a chur ar thaithí foghlama agus ar thorthaí i nGaeilge. Tá gá le fócas méadaithe ar an bhforbairt ar scileanna cumarsáide as Gaeilge. Mar gheall ar fhorbairt leanúnach na dtacaíochtaí spriocdhírithe do shuíomhanna lán-Ghaeilge, aithnítear na dúshláin ar leith atá roimh a bhfoghlaimeoirí. Tá gá le tacaíocht don Ghaeilge trí mheán an Bhéarla freisin. Agus tús áite á thabhairt do na riachtanais seo, cuirtear an uileghabhálacht chun cinn agus cuirtear foghlaimeoirí ar a gcumas chun a n-inniúlacht i nGaeilge a fhorbairt agus chun tuiscint a fháil chultúr na hÉireann.

- **Ba chóir forbairt a dhéanamh ar chleachtais ilteangacha agus ilchultúrtha ionchuimsitheacha.**
  San ilteangachas agus san ilchultúrachas, leagtar béim ar theangacha agus eolas cultúrtha iomadúla a úsáid sa ghnáthchleachtas, agus béim á leagan ar a n-idircheangailteacht. Agus leas á bhaint as an ilteangachas agus as an ilchultúrachas, tugtar tacaíocht don uileghabhálacht agus cuirtear leis na torthaí oideachasúla. Sabhraítear an fhoghalaim trí chumarsáid agus tuiscint thraschultúrtha a chur chun cinn. Tá sé riachtanach cuir chuige shaincheaptha litearthachta agus uimhearthachta a bheith ann ina gcuirtear an éagsúlacht teangacha agus chultúrtha san áireamh. Tá gá leis na buntáistí a bhaineann le teangacha iomadúla a fhoghlaim a aithint, agus tuiscint a fháil ar theangacha dúchais agus ar chultúir dhúchasacha na bhfoghlaimeoirí le bheith in ann oideachas ionchuimsitheach a chothú.

- **Is gá tabhairt faoi dhifríochtaí éachtaí na n-inscní sa litearthacht agus san uimhearthacht.**
  Bíonn tionchar ag a bhfuil an tsochaí ag súil leis agus ag na steiréitíopaí ar an bhfeidhmíocht acadúil idir inscní. Tá sé riachtanach tabhairt faoi na difríochtaí inscní sa litearthacht agus san uimhearthacht le go mbeidh timpeallachtaí foghlama cothroma ann ina mothaíonn foghlaimeoirí de gach inscne go bhfuil meas orthu agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Tá gá le hidirghabhálacha ar leith chun díriú ar fheabhsuithe sa léitheoireacht d'fhir agus sa mhatamaitic do mhná.

- **Is gá cur le na tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí éagsúla.**
  Tá sé ríthábhachtach i gcóras oideachais ionchuimsitheach leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar thacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí éagsúla. Ní mór do chórais tacaíochta shaincheaptha na cúlraí ar leith a aithint agus tabhairt fúthu, iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, cumais, agus féiniúlachtaí na bhfoghlaimeoirí uile san áireamh. Má thugtar tacaíocht do riachtanais éagsúla, cothaítear meas, cuirtear an cothromas chun cinn agus tugtar cumhacht d'fhoghlaimeoirí.

- **Tá dúshlán níos mó ag teastáil d'fhoghlaimeoirí a n-éiríonn níos fearr leo.**
  Tá sé riachtanach a chinntiú go mbíonn dúshlán iomchuí ann d'fhoghlaimeoirí a n-éiríonn níos fearr leo chun barr a gcumais a bhaint amach. Má thairgtear deiseanna saibhrithe agus forbartha, coinnítear na foghlaimeoirí gafa agus spreagtha, ag ligean dóibh éacht a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht ina bhfuil an uileghabhálacht agus an cothromas. Baineann na foghlaimeoirí aonair tairbhe as seo agus chomh maith leis sin cuirtear leis an timpeallacht sa seomra ranga, agus cuirtear an comhoibriú agus an phiarfhoghlaim chun cinn.

- **Ba chóir tús áite a thabhairt don fhoghlaim ghairmiúil ardcháilíochta agus ba chóir feabhas a chur uirthi.**
  Is gá foghlaim ghairmiúil ardcháilíochta d'oideoirí luathbhlianta agus do mhúinteoirí a fhorbairt. Tá sé riachtanach cur lena dtaithí foghlama agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí. Má bhíonn rochtain mhéadaithe ann ar an bhfoghlaim ghairmiúil spriocdhírithe, neartaítear scileanna agus muinín na n-oideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí, á gcumasú chun foghlaimeoirí a ullmhú leis na scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta, agus litearthachta digití.

- **Tá gá le haistrithe éifeachtacha a dhéanann dul chun cinn ar an bhfoghlaim sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.**
  Tá sé ríthabhachtach go mbeidh aistrithe[6] éasca ann a thugann tacaíocht don fhoghlaim sa litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach agus a chuireann í chun cinn, le go leanfaidh na foghlaimeoirí uile ag déanamh dul chun cinn. Má chuirtear tacaíocht spriocdhírithe ar fáil le linn na n-aistrithe seo, cuidítear leis na foghlaimeoirí tabhairt faoi dhúshláin nua agus tugtar tacaíocht don fhoghlaim ar fud comhthéacsanna agus suíomhanna éagsúla.

Chomh maith leis na heochairthéamaí seo, tá gá ann freisin breithniú a dhéanamh ar réimsí eile a aithníodh sa taighde, agus i rith an phróisis chomhairliúcháin. San áireamh anseo, tá an gá atá ann le soiléireacht a fháil maidir leis na sainmhínithe ar an litearthacht, an uimhearthacht, agus an litearthact dhigiteach; cuir chuige i dtreo inniúlachtaí agus meonta litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt; chomh maith leis an riachtanas le haghaidh raon tacaíochtaí chun an straitéis a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Meastar go bhfuil gá le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis, lena chinntiú go n-éireoidh léi agus go mbeidh tionchar aici.

6 Is féidir le haistrithe a bheith idir an baile agus an suíomh FCLÓ nó an scoil, agus ó shuíomh amháin go dtí ceann eile. Chomh maith leis sin, is féidir le haistrithe a bheith idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann foghlaimeoirí am, suíomhanna FCLÓ agus an bhunscoil, an bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus idir na ranganna ag gach leibhéal scoile.

# Roinn 3

# Fís

D'eascair an fhís don straitéis seo as an bpróiseas comhairliúcháin agus i gcomhar leis an bplé a rinne an grúpa stiúrtha. Cuirtear in iúl inti an aidhm uileghabhálach agus torthaí na straitéise atá ag teastáil. Tá sé beartaithe inti gníomh a spreagadh agus comhthiomantas do na cuspóirí a bhaint amach a chothu. Is é an fhís atá ann don straitéis seo:

## Go bhforbraíonn gach foghlaimeoir, ó bhreith go duine óg fásta, na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití le bheith rathúil agus le bheith faoi bhláth mar dhuine aonair, le bheith rannpháirteach go hiomlán agus ionchur iomlán a bheith aige/aici mar bhall eiticiúil agus gníomhach den tsochaí le saol sásúil agus tairbheach a chaitheamh.

Aithnítear inti idircheangailteacht na litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití agus an tionchar domhain a bhíonn acu ar an bhfolláine aonair, ar an gcomhtháthú sóisialta, agus ar an rath eacnamaíochta. Agus gach iarracht á déanamh leis an bhfís seo a léiriú, tá sé tábhachtach soiléireacht a fháil faoi cad is brí le litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach agus cad a chlúdaíonn siad ag gach céim de thuras an fhoghlaimeora.

Roinn 4

# Sainmhínithe agus cad atá san áireamh sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach sa luath-óige, sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil

Tá na sainmhínithe ar an litearthacht, an uimhearthacht, agus an litearthacht dhigiteach mar an bunús ar a dtógtar an straitéis, ina gcuirtear soiléireacht, treoir, agus tuiscint chomónta ar fáil faoi na príomh-choincheapa. Trí shainmhínithe cruinne agus tuiscint shoiléir a chur ar fáil faoi cad a chuimsíonn an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach sa luath-óige, sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil, is féidir leis na páirtithe leasmhara uile a mbealach a dhéanamh tríd an straitéis go muiníneach, agus ailíniú na n-iarrachtaí agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gcuspóirí a chinntiú.



## 4.1 An Litearthacht

Is é is litearthacht ann, an acmhainn le cineálacha éagsúla cumarsáide a úsáid, a léamh, a thuiscint, machnamh a dhéanamh orthu, meastóireacht a dhéanamh orthu, dul ina mbun, iad a chruthú agus tuiscint chriticiúil a fháil orthu lena n-áirítear breathnú sna súile, gothaí, clabaireacht, teanga ó bhéal, téacs clóite, amharcthéacsanna, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha chun spriocanna duine a bhaint amach, eolas agus acmhainneacht duine a fhorbairt, agus le bheith rannpháirteach sa tsochaí.



**An luath-óige:** Is é atá i gceist leis an litearthacht sa luath-óige an fhorbairt ar chumarsáid agus ar theanga agus an t-iniúchadh agus an fhorbairt ar scileanna litearthachta, coincheapa, eolas agus tuiscint. Tugann *Aistear: Creatchuraclam na Luth-Óige (2009)*, tacaíocht d'fhoghlaim agus d'fhorbairt gach linbh ó bhreith go sé bliana d'aois. Foghlaimíonn naíonáin agus leanaí óga níos fearr tríd an súgradh, agus trí thaithí phraiticiúil agus ghníomhach atá súgradhbhunaithe atá ábhartha agus fiúntach dóibh. Foghlaimíonn siad cuid mhór rudaí éagsúla ag an am céanna. Tá na rudaí a fhoghlaimíonn siad nasctha leis an áit agus leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad agus leis an duine/na daoine a bhfoglaimíonn siad leo.



I litearthacht na luath-óige, clúdaítear an méid seo a leanas:

- Feasacht a fhorbairt ar fhuaim agus ar struchtúr teanga.
- Scileanna éisteachta, ar nós idirdhealú fuaime, achar airde ó chluas, cuimhne éisteachta, malartuithe cumarsáide agus babhtáil ar a chéile sa chumarsáid agus sa chomhrá.
- Cineálacha cumarsáide iomadúla ina roinneann leanaí a spéiseanna, a riachtanais agus a dtuiscint ina mbeadh gothaí, staidiúir, dreach, tuin, breathnú sna súile, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), Lámh, Braille, teicneolaíochtaí cúnta, agus cumarsáid bhreisitheach agus cumarsáid eile.
- Cumarsáid a dhéanamh sna teangacha baile agus feasacht agus tuiscint a bheith ar theangacha daoine eile.
- Teanga léiritheach agus ghlacach a úsáid agus tuiscint a fháil uirthi, agus forbairt a dhéanamh ar fhoclóir d'fhocail agus frásaí, rainn agus scéalta a leathnú.
- Teanga a úsáid chun eolas a thabhairt agus a fháil, ceisteanna a chur, iarratas a dhéanamh, diúltú a dhéanamh, idirbheartaíocht a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, soiléiriú a dhéanamh, agus smaointeoireacht, smaointe agus mothúcháin a roinnt.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an ngluaiseacht ina gcuirtear forbairt na scileanna litearthachta chun cinn (mar shampla, greim a choimeád ar leabhar agus leathanach a chasadh).
- Eolas a chur ar ábhar clóite agus úsáid a bhaint as ábhar clóite éagsúil, leabhair, tacaí litearthachta agus ábhair mharc-chruthaithe ar bhealach taitneamhach agus fiúntach.
- Siombailí agus an cuspóir a bhaineann leo a aithint agus tuiscint a fháil orthu agus siombailí a úsáid sa súgradh.
- Iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí agus acmhainní digiteacha fíorshaoil chun cur le taithí foghlama litearthachta iomchuí agus fhorbarthach.
- Meonta foghlama dearfacha a fhorbairt ar nós an neamhspleáchas, an chruthaitheacht, an tsamhlaíocht, ag iarraidh cumarsáid agus foghlaim a dhéanamh, a bheith mar éisteoir maith agus comhoibriú a dhéanamh le daoine eile.





**An bhunscoil:** Leanann leanaí lena dturas foghlama litearthachta ón mbaile agus/nó ó shuíomhanna FCLÓ sa bhunscoil. I gcuraclam na bunscoile, tugtar tacaíocht do na leanaí uile chun dul chun cinn a dhéanamh sa litearthacht ag ráta agus luas a oireann dá n-ábaltachtaí. Tugtar aitheantas agus tacaíocht d'éagsúlacht riachtanais na bhfoghlaimeoirí trí chuir chuige dhifreáilte i dtreo fhoghlaim na litearthachta sa seomra ranga bunscoile ionchuimsitheach. Ceann amháin de na seacht bpríomhchumas i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (2023) ná a bheith mar chumarsáidí agus teanga a úsáid. Cé go bhfuil an litearthacht nasctha le chéile leis na cumais eile agus go bhfuil sí fite fuaite sna réimsí agus ábhair churaclaim ar fad, sa chumas seo cothaítear go sonrach an méid seo a leanas i leanaí:

- Tuiscint a fháil ar thairbhe agus áilleacht na litearthachta, sa chiall is leithne.
- Tuiscint agus léirthuiscint a fháil ar fhocail, ar an teanga, agus ar gach cineál. cumarsáide trí chaidreamh spraíúil agus tarraingteach agus taitneamh a bhaint astu.
- A bheith in ann cineálacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, ciall a bhaint astu agus iad a úsáid go cruthaitheach, lena n-áirítear gothaí, léiriú, teanga (ina bhféadfadh Béarla, Gaeilge, TCÉ, Lámh, Braille, agus teangacha eile a bheith san áireamh), téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha, agus leas a bhaint as a dteanga léiritheach, a samhlaíocht, agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus a léiriú cruthaitheach. San áireamh anseo, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cúnta agus as cumarsáid bhreisitheach agus cumarsáid eile de réir mar is gá.
- An mhuinín le hiniúchadh a dhéanamh ar théacsanna agus a bheith ag léamh le taitneamh a bhaint as, agus tuiscint chriticiúil a bheith acu.
- Rannpháirtíocht fhiúntach i gcruthú agus in iniúchadh na gcineálacha éagsúla téacs chun críocha éagsúla agus le haghaidh réimse lucht spéise.
- A bheith díograiseach le cumarsáid agus ceangal a dhéanamh le daoine eile, le páirt a ghlacadh sa tsochaí i gcoitinne, ciall a roinnt, agus eolas nua a fhorbairt ar bhealach freagrach agus measúil.
- An fhiosracht, an chruthaitheacht, an mhuinín agus an chriticiúlacht in úsáid a bhaint as raon teicneolaíochta de chuid na meán/digití agus modhanna cumarsáide atá oiriúnach chun críocha éagsúla agus do réimse lucht spéise.
- An fhiosracht agus an tsamhlaíocht chun foghlaim a dhéanamh faoi conas a dtaithí, na rudaí a smaoiníonn siad fúthu, a smaointe agus a mothúcháin a chomhroinnt ar bhealaí éagsúla.
- An mhachnamhacht san fhoghlaim faoi conas breathnóireacht a dhéanamh ar dhearcthaí daoine eile, conas éisteacht leo, conas ceisteanna a chur, agus conas ciall a bhaint astu agus conas meas a léiriú orthu.
- An mhuinín chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus an t-eolas atá acu ar an litearthacht, na scileanna, dearcthaí, luachanna, agus meonta atá acu, a fhorbairt go héifeachtach, go sábháilte agus go heiticiúil.
- An t-eolas, taithí, agus an fheasacht ar theangacha atá ann cheana féin, agus ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht teangacha agus chultúrtha laistigh agus taobh amuigh den scoil.
- Na scileanna litearthachta chun ionchur a bheith acu go dearfach sa saol timpeall orthu.



**An iar-bhunscoil:** Leanann foghlaimeoirí lena dturas litearthachta ón mbunscoil san oideachas iar-bhunscoile. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, clúdaíonn an litearthacht tuiscint ar na cleachtais litearthachta ar leith agus riachtanais foghlaimeoirí ar déagóirí iad. Léirítear é seo trí 'A Bheith Liteartha' a chur san áireamh mar eochairscil na sraithe sóisearaí, agus ag an am céanna, sna heochairscileanna sa tsraith shinsearach, léirítear freisin gnéithe éagsúla na litearthachta lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar théacsanna agus ciall a bhaint astu, dul i mbun plé, ag éisteacht go haireach agus ag cumadh.

Tá tábhacht le pointí éagsúla agus breithniú á dhéanamh ar fhorbairt litearthachta foghlaimeoirí san oideachas iar-bhunscoile:

- Tá an litearthacht uileghabhálach agus ilghnéitheach, agus tá tábhacht léi i ngach réimse curaclaim.
- Sa litearthacht, clúdaítear na scileanna cognaíocha agus teicneolaíochta / scileanna bunúsacha araon.
- Sa litearthacht níltear teoranta don léamh agus don scríobh, tá an rannpháirtíocht sa chumarsáid i ngach ceann de na cineálacha éagsúla i gceist leis.
- Mar choincheap, tá an litearthacht uileghabhálach agus freastalaítear ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile. Cothaítear cumas foghlaimeoirí inti chun na cineálacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, ciall a bhaint astu, agus iad a úsáid go cruthaitheach, lena n-áirítear gothaí, léiriú, teanga (ina bhféadfadh Béarla, Gaeilge, TCÉ, Lámh, Braille, agus teangacha eile a bheith san áireamh). San áireamh anseo, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cúnta agus as cumarsáid bhreisitheach agus cumarsáid eile de réir mar is gá.
- Tá gaol cómhalartach ag an labharthacht, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht: déantar forbairt mhaith ar na scileanna teanga nuair a dhéantar gach gné a theagasc ar bhealach comhtháite.
- Is múinteoir litearthachta é gach múinteoir.
- De réir mar a bhogann foghlaimeoirí isteach go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile, dírítear níos mó ar an litearthacht disciplín. Tá sé ríthábhachtach do thuiscint foghlaimeoirí tús áite a thabhairt do na scileanna litearthachta agus teanga a bhaineann le hábhair ar leith mar go mbíonn léirthuiscint acu ar an gcaoi le smaoineamh a dhéanamh go héifeachtach i ngach disciplín.
- Leis an gceangal iomchuí le cleachtais litearthachta d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den scoil, tugtar tacaíocht don rannpháirtíocht sa litearthacht disciplín.
- Príomhghné i bhforbairt litearthachta do dhéagóirí ná foghlaimeoirí a spreagadh.
- Príomhchuid dá bhforbairt mar dhaoine aonair a mbíonn ionchur dearfach acu sa tsochaí is ea forbairt litearthacht foghlaimeoirí, agus go háirithe an litearthacht chriticiúil.

## 4.2 An Uimhearthacht

Is é is uimhearthacht ann, a bheith in ann breathnóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar réada agus iad a láimhseáil, agus teanga mhatamaiticiúil a chloisteáil, Is é atá i gceist léi ná úsáid a bhaint as tuiscint mhatamaiticiúil agus scileanna matamaitice i gcomhthéacsanna éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar fheiniméin, iad a thuar agus iad a mhíniú, ag tabhairt aitheantais don ról atá ag an matamaitic sa saol. Úsáideann foghlaimeoir uimheartha scileanna matamaitice agus déanann sé/sí breithiúnais agus cinntí maithe atá ag teastáil ó bhaill chuiditheacha, ghníomhacha agus mhachnamhacha den tsochaí.




**An luath-óige:** Is é atá i gceist leis an uimhearthacht sa luath-óige iniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar scileanna agus coincheapa matamaitice agus eolas agus tuiscint uirthi. In *Aistear: Creat-Churaclam na Luath-Óige (2009)*, tugtar tacaíocht d'fhoghlaim agus forbairt na leanaí uile ó bhreith go sé bliana d'aois. Foghlaimíonn naíonáin agus leanaí óga níos fearr trí shúgradh agus trí thaithí shúgradhbhunaithe, ghníomhach agus phraiticiúil atá ábhartha agus fiúntach dóibh mar chuid dá ngnáthaimh laethúla agus dá gcaidreamh laethúil. Tuigeann leanaí an mhatamaitic mar rud tábhachtach agus úsáideach. Tá na rudaí a fhoghlaimíonn siad nasctha leis an áit agus leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad agus leis an duine/na daoine a bhfoglaimíonn siad leo. Foghlaimíonn siad cuid mhór rudaí éagsúla ag an am céanna.



Sa luath-óige, clúdaíonn an uimhearthacht an méid seo a leanas:

- Breathnóireacht a dhéanamh ar ábhair éagsúla ina bhfuil uigeachtaí, bolaithe, meáchain, agus toisí difriúla, agus iad a mhothú, a láimhseáil agus a chur i gcomparáid le chéile, agus a aithint nuair atá rudaí mar an gcéanna agus difriúil ó chéile.
- Caint mhatamaiticiúil a chloisteáil agus teanga mhatamaiticiúil a lipéadú agus a úsáid le rudaí a thomhas (mar shampla, níos mó, níos lú, níos giorra, níos faide, níos airde, níos ísle, níos sine, agus níos óige), teanga chun suíomh a thabhairt (mar shampla, in aice, idir), teanga le treoir a thabhairt (mar shampla, suas agus síos), agus teanga le gluaiseacht a dhéanamh (mar shampla, cas agus sleamhnaigh).
- Tacaíocht a fháil chun naisc a dhéanamh san fhoghlaim trí léirmhíniú agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis, imscrúdú a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, idirbheartaíocht a dhéanamh, réasúnaíocht a dhéanamh, agus smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh. Le himeacht ama, é seo a bhainistiú go neamhspleách.
- Iniúchadh a dhéanamh ar spásanna, cruthanna (2T, 3T), tomhais, cainníochtaí, amanna, patrúin, agus uimhreacha.
- Patrúin a bhailiú, a shórtáil, a sheicheamhú, a chur in ord, agus a aithint agus a chruthú.
- Scileanna a fhorbairt, ar nós comhaireamh, ríomhanna a dhéanamh (suimiú, dealú, iolrú, agus roinnt), tomhas a dhéanamh (meáchan, fad, airde, acmhainn, toirt, airgead, am), meastachán a thabhairt, agus tuar a dhéanamh.
- Siombailí a aithint agus úsáid a bhaint astu agus dul i mbun marc-chruthú matamaiticiúil.
- Tabhairt faoin gceol agus faoin ngluaiseacht chun tacú leis an smaointeoireacht mhatamaiticiúil.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an ngluaiseacht a chuireann forbairt na scileanna matamaitice (mar shampla cothromú, iniúchadh a dhéanamh ar luas agus ar threocht, agus réada a láimhseáil) chun cinn.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chumarsáid mhatamaiticiúil agus ar léiriú matamaiticiúil trí shúgradh le méara, amhráin, rainn, puipéid, scéalta agus leabhair pictiúr.
- Iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí agus acmhainní digiteacha fíorshaoil (áireamháin, scálaí meá) chun cur le taithí foghlama litearthachta iomchuí agus fhorbarthach.
- Meonta foghlama dearfacha a fhorbairt ar nós an bhuanseasmhacht, díriú ar rudaí, an fhiosracht, an fhéinmhuinín, an chruthaitheacht, spéis a bheith acu i rudaí, taitneamh a bhaint as fadhbanna a réiteach, measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus rioscaí a ghlacadh.



**An bhunscoi: l:** Ag an leibhéal bunscoile, leanann leanaí lena dturais mhatamaiticiúla agus uimhearthachta ón mbaile agus/nó ó shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige. I *gCuraclam Matamaitice na Bunscoile* (2023), feictear go bhfuil tuiscint nádúrtha, iomasach agus instinneach ag gach leanbh ar an matamaitic agus ar an uimhearthacht, agus go bhfuil siad in ann dul i mbun coincheapa matamaitice agus smaointe matamaiticiúla ó bhreith agus go neartaíonn siad agus go bhforbraíonn siad ina gcuid foghlama uimhearthachta in imeacht ama. Cuidíonn an mhatamaitic agus an uimhearthacht le foghlaimeoirí feidhmiú níos fearr, páirt chriticiúil a ghlacadh agus a mbealach a dhéanamh sa saol timpeall orthu.

Ceann amháin de na seacht bpríomhchumas i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (2023) ná a bheith matamaiticiúil. Cé go bhfuil na cumais nasctha le chéile, sa chumas seo, forbraítear an uimhearthacht go sonrach agus tugtar tacaíocht do leanaí sa mhéid seo a leanas:

- Tuiscint a fháil i dtairbhe agus áilleacht na huimhearthachta agus na matamaitice.
- An smaointeoireacht agus loighic mhatamaiticiúil a fhorbairt agus a fheidhmiú chun raon fadhbanna a réiteach agus ciall a bhaint as an domhan.




- Muinín agus scil a bheith acu chun an mhatamaitic a aithint agus a úsáid go solúbtha i ngach gné den saol chun cumarsáid a dhéanamh, soiléiriú agus údar a thabhairt maidir le cinntí ag baint úsáid as teanga mhatamaiticiúil, sonraí agus teicneolaíocht dhigiteach.
- A bheith matamaiticiúil agus leas a bhaint as raon eolais, scileanna (breathnóireacht, meastachán, tuar, agus ríomh a dhéanamh), coincheap, dearcthaí, luachanna, agus meonta agus eolas fíorshaoil a chuirtear i láthair go matamaiticiúil á aithint, á léirmhíniú agus á fheidhmiú acu.
- Smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, chun sonraí a dhéanamh amach, chun ciall a bhaint as sonraí, chun dul i mbun sonraí go criticiúil agus chun meastóireacht a dhéanamh ar shonraí agus chun gaolta, treochtaí, naisc, agus patrúin a aithint.
- Feasacht spásúil a bheith acu chun patrúin agus seichimh a thuiscint.
- A n-eolas, scileanna agus loighic uimhearthachta a aistriú go dtí réimsí curaclaim eile agus go dtí an domhan mór, ag saibhriú a dtaithí.
- Úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha chun a gcuid eolais agus tuisceana ar an uimhearthacht, na scileanna, dearcthaí, luachanna, agus meonta a fhorbairt go cruthaitheach, go héifeachtach, go sábháilte agus go heiticiúil trí fhadhbanna a réiteach, turgnaimh a dhéanamh, cruthú a dhéanamh, údar a thabairt agus cumarsáid a dhéanamh.
- Úsáid a bhaint as a scileanna uimhearthachta agus matamaitice chun ionchur dearfach a bheith acu sa saol timpeall orthu.




**An iar-bhunscoi:** Leanann scoláirí lena dturas uimhearthachta ón mbunscoil san oideachas iar-bhunscoile. Léirítear é seo trí 'A Bheith Uimheartha' a chur san áireamh mar eochairscil na sraithe sóisearaí ina bhfuil sé mar chuid bhunúsach den chreat agus na sonraíochtaí ábhair uile. Sa tsraith shinsearach, léirítear an uimhearthacht sna heochairscileanna[7], ina dtugtar tacaíocht don chumarsáid, d'fhadhbanna a réiteach, agus le rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis agus í a roghnú.

Níl an uimhearthacht teoranta d'uimhreacha, eolais agus scileanna a chur i bhfeidhm. Seachas sin, an cur síos is fearr a dhéantar uirthi ná tuiscint chriticiúil a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear an mhatamaitic san fhíorshaol, sa ghnáthshaol laethúil, agus a bheith in ann í a chur i bhfeidhm go hábalta agus go solúbtha leis na cinntí is fearr agus is féidir a dhéanamh. Is é atá i gceist leis an uimhearthacht san iar-bhunscoil a bheith in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Anailís a dhéanamh ar phatrúin agus ar ghaolta i bhfaisnéis agus i smaointe.
- Úsáid a bhaint as scileanna iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna.
- Hipitéis a thabhairt agus tuar a dhéanamh trí fhianaise a scrúdú.
- Anailís a dhéanamh agus argóintí maithe a dhéanamh.
- Rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis ó raon foinsí i bhformáidí éagsúla, ag bailiú agus ag léirmhíniú sonraí, critic a dhéanamh orthu agus iad a léiriú.
- Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil.
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh.
- Meon agus dearcadh dearfach a ghlacadh i dtreo na huimhearthachta.
- An fhoghlaim uimhearthachta a cheangal le taithí síos tríd an gcuraclam, san fhíorshaol agus lasmuigh den scoil.

7 Tiocfaidh na príomhchumais sa tsraith shinsearach in áit Chreat Eochairscileanna na Sraithe Sinsearaí.

## 4.3 An Litearthacht Dhigiteach

Is é atá i gceist leis an litearthacht dhigiteach a bheith in ann rochtain agus iniúchadh a dhéanamh ar fhaisnéis go sábháilte agus go hiomchuí, í a bhainistiú, tuiscint a fháil uirthi, í a chomhtháthú, cumarsáid agus meastóireacht a dhéanamh uirthi, í a chruthú agus a scaipeadh trí theicneolaíochtaí digiteacha. San áireamh inti tá an smaointeoireacht chriticiúil, úsáid a bhaint as TFC go sábháilte, go freagrach agus go heiticiúil, an comhoibriú agus an chruthaitheacht, fíorfhaisnéis a aimsiú, agus cumarsáid mheasúil ar líne.



**An luath-óige:** Sa luath-óige, tá an chiall a bhaineann le litearthacht dhigiteach agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha casta, go háirithe sa chohórt ó bhreith go trí bliana d'aois. Go minic tugtar faisnéis chontrártha do thuismitheoirí agus d'oideoirí luathbhlianta. Sa RLCMLÓ, aithníodh go bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta sa réimse seo, riachtanas atá luaite go mór sa chomhairliúchán poiblí a rinneadh agus an straitéis seo á forbairt. Sa RLCMLÓ, táthar tiomanta comhairliúchán poiblí a dhéanamh agus ráiteas polasaí a fhorbairt maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa luathfhoghlaim agus sa luathchúram.

Cé nach bhfuil ionchais ar leith don litearthacht dhigiteach leagtha amach in Aistear, ní thugtar le fios ann deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann d'oideoirí luathbhlianta le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú isteach i dtaithí foghlama leanaí. Trí rannpháirtíocht ghníomhach agus spraíúil, atá treoraithe ag an bhfiosrúchán, tugtar tacaíocht do leanaí chun an bunús don fhoghlaim dhigiteach a shealbhú, a neartaítear agus a bheachtaítear agus iad ag bogadh tríd an gcóras oideachais. (Foghlaim Dhigiteach 2019, Cigireacht na RO).

**An bhunscoil:** Leanann leanaí lena dturas litearthachta digití ón mbaile agus/nó ó shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige sa bhunscoil. Ceann amháin de na seacht bpríomhchumas i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (2023) ná a bheith mar fhoghlaimeoir digiteach.

Cé go bhfuil sí nasctha le cumais eile agus go bhfuil sí daingnithe sna réimsí agus ábhair churaclaim ar fad, sa chumas seo, tugtar tacaíocht ar leith do leanaí sa mhéid seo a leanas:



- A bheith mar úsáideoirí fiosracha, cruthaitheacha, muiníneacha agus criticiúla de chuid na teicneolaíochta digití.
- Cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh agus a bheith rathúil i saol ina bhfuil níos mó agus níos mó teicneolaíochta tumtha ann.
- A n-eolas, scileanna, coincheapa, dearcthaí, luachanna agus meonta a fhorbairt trí chruthú inneachair, réiteach fadhbanna, agus tríd an gcruthaitheacht ag baint úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach.
- Cur lena gcuid muiníne in úsáid a bhaint as raon teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chun leas a bhaint as a samhlaíocht agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus léiriú cruthaitheach a leathnú.
- A bheith mar shaoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, agus úsáid fhreagrach, mheasúil, shábháilte, chriticiúil agus eiticiúil de chuid na teicneolaíochta digití a fhorbairt.
- A bheith rannpháirteach agus ionchur a bheith acu go criticiúil i ndomhan idirspleách atá ceangailte go digiteach.
- Rochtain, anailís, agus bainistíocht a dhéanamh ar inneachar ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach.

**An iar-bhunscoil:** Leanann foghlaimeoirí lena dturas litearthachta digití san oideachas iar-bhunscoile. Sa litearthacht dhigiteach ag na leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile, cuimsítear sraith cumas ar leith ina ligtear don fhoghlaimeoir feidhmiú agus páirt a ghlacadh de réir a chéile i saol digiteach. San áireamh i ngach eochairscil sa tSraith Shóisearach, tá na gnéithe digiteacha, agus san áireamh sna heochairscileanna don tsraith shinsearach tá gnéithe den litearthacht dhigiteach. Leanfar le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí agus déanfar tuilleadh forbartha ar an bhfócas ar scileanna litearthachta digití na scoláirí.

Do scoláirí i litearthacht dhigiteach an oideachais iar-bhunscoile, cuimsítear a bheith ábalta an méid seo a leanas a dhéanamh:



- Faisnéis a aimsiú, critíc a dhéanamh uirthi, agus í a bhainistiú i dtimpeallachtaí digiteacha agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, agus ag an am céanna a gcearta féin agus cearta daoine eile a aithint.
- Cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh go measúil, agus eolas a chomhchruthú trí bheith páirteach go gníomhach i ndioschúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta.
- Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun iad féin a chur in iúl agus chun obair a dhéanamh go cruthaitheach.
- Meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar inneachar ar líne trí fhaisnéis agus inneachar ar líne a aimsiú, a chur i dtoll a chéile, anailís a dhéanamh orthu, agus bainistíocht a dhéanamh othu go héifeachtach.
- Creidiúnacht agus iontaofacht na faisnéise agus a foinsí a chur i gcomparáid le chéile agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.
- Páirt a ghlacadh go sábháilte agus go heiticiúil ar líne agus a bheith mar shaoránaigh dhigiteacha.
- A bheith liteartha ó thaobh na meán de, mífhaisnéis/bréagaisnéis a aithint agus cur ina coinne.
- An chaoi a mbaineann cóipcheart agus ceadúnais le hinneachar digiteach a aithint agus an chaoi le tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus do cheadúnais is cúis leo a aithint.

# Roinn 5

# Cuspóirí thar chúig cholún sa chóras oideachais

Sa roinn seo, tugtar breac-chuntas ar na cuspóirí don straitéis a d'eascair as na heochairthéamaí a aithníodh ón taighde agus ó chinntí an chomhairliúcháin. Tá na cuspóirí leagtha amach thar chúig phríomhcholún. Mar a bhí leis an straitéis in 2011 a bhí roimhe seo, beidh an straitéis seo mar an croílár sa chóras oideachais le feabhas a chur ar na torthaí litearthachta, uimhearthachta, agus litearthachta digití go dtí 2033. Tá na gníomhartha a bhaineann le gach ceann de na colúin leagtha amach sa phlean forfheidhmithe atá in éineacht leis an straitéis.




**Fíor 3**



Is iad seo a leanas na cúig cholún:

**Colún 1** Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí

**Colún 2** Ag tacú leis an gcleachtas gairmiúil d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus de mhúinteoirí

**Colún 3** Ag tacú leis an gceannaireacht i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige sa chóras scoile

**Colún 4** Feabhas a chur ar thaithí an fhoghlaimeora tríd an gcuraclam, an oideolaíocht agus an measúnú

**Colún 5** Ag tacú le foghlaimeoirí éagsúla chun barr a gcumais a bhaint amach

Sna cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis deich mbliana seo, leagtar béim ar an dúthracht le feabhas a chur ar na torthaí agus an dul chun cinn leanúnach a spreagadh laistigh de shuíomhanna FCLÓ agus de scoileanna. Trí thionscnaimh spriocdhírithe agus trí chomhiarrachtaí, is é an aidhm atá léi timpeallachtaí a chruthú a chuireann an nuálaíocht, an barr feabhais, agus an uileghabhálacht chun cinn ar fud na litearthachta, na huimhearthachta, agus na litearthachta digití.



## **Colún 1:** Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí

Tá gá le cumhacht a thabhairt do thuismitheoirí agus do phobail chun tacú go gníomhach le litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí. Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí mar phríomhoideoirí chun cuidiú lena leanaí le scileanna riachtanacha a fhorbairt ar nós teanga agus litearthacht, léamh agus scríobh san áireamh, chomh maith le scileanna uimhearthachta agus litearthachta digití. Tá sé an-tábhachtach comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus le teaghlaigh a chur chun cinn le forbairt linbh a chothú agus leis an obair ullmhúcháin a dhéanamh don fhoghlaim sa todhchaí i suíomhanna FCLÓ, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá gá ann freisin a aithint go mb'fhéidir go mbeidh tacaíocht agus breithniú sa bhreis ag teastáil chun teagmháil a dhéanamh le roinnt tuismitheoirí agus teaghlach ina bhféadfadh bacainní teanga, litearthachta, litearthachta digití, míchumais, cultúrtha nó stairiúla a bheith ar an rannpháirtíocht sa chóras oideachais.

Tá ról ollmhór freisin ag na pobail ina mbíonn leanaí ina gcónaí agus ag fás chun tacú leis an bhforbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Tá sé riachtanach tacaíocht an phobail a neartú chun cur chuige comhtháite a éascú i dtreo an tionscnaimh náisiúnta le feabhas a chur ar an bhfoghlaim sa litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach. Trí chomhiarrachtaí agus trí chomhthiomantas don saibhriú oideachasúil, tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí timpeallachtaí a chur chun cinn ina gcothaítear an éagsúlacht teangacha, léirthuiscint chultúrtha, agus deiseanna foghlama ionchuimsitheacha do gach foghlaimeoir.

### Cuspóirí thar straitéis deich mbliana:

- Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuismitheoirí le foghlaim litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.
- An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí thuismitheoirí agus pobail a éascú chun tacú le foghlaim agus sealbhú teanga na leanaí.
- Cur le torthaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití na bhfoghlaimeoirí trí leas a bhaint as tacaíochtaí pobail.



## **Colún 2:** Ag tacú leis an gcleachtas gairmiúil d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus de mhúinteoirí

Tá cleachtas gairmiúil oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí riachtanach sa bhunús don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le dul i bhfeidhm ar thaithí foghlama ardcháilíochta agus í a chruthú a thugann cothú agus tacaíocht do na foghlaimeoirí uile. Leis an taithí seo, tá foghlaimeoirí in ann an t-eolas agus na scileanna atá ag teastáil uathu a shealbhú chun páirt iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa FCLÓ, sa scoil, sa saol, agus sa tsochaí. Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le ról na n-oideoirí luathbhlianta, na bhfeighlithe leanaí agus na múinteoirí, tá sé riachtanach tacaíocht láidir agus foghlaim ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil chun feabhas a chur ar a scileanna, a gcuid eolais, agus cuir chuige oideolaíocha.

Chun tacú leis na dúshláin den tírdhreach teangeolaíoch agus cultúrtha atá ag síorathrú, cuirfear taithí foghlama gairmiúla ar fáil chun feasacht agus cleachtais an ilteangachais agus an ilchultúrachais a chur chun cinn. Go sonrach, chun tabhairt faoi fheabhas a chur ar an taithí foghlama agus na torthaí sa Ghaeilge, cuirfear tacaíochtaí ar fáil chun cur le cumas Gaeilge na n-oideoirí luathbhlianta, na bhfeighlithe leanaí agus na múinteoirí. Agus aitheantas á thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach, cuirfear béim den chineál céanna ar dheiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil atá in oiriúint do na réimsí seo.

Chomh maith leis sin, tá tacaíocht agus treoir chuimsitheach riachtanach chun cuidiú le hoideoirí luathbhlianta, le feighlithe leanaí agus le múinteoirí in úsáid a bhaint as chineálacha éagsúla cleachtas measúnaithe. San áireamh sna cleachtais seo, tá guth an fhoghlaimeora a chloisteáil agus cuir chuige atá bunaithe ar shonraí, ina mbaintear léargas luachmhar amach i riachtanais foghlama aonair. Trí dheiseanna forbartha gairmiúla, cóitseáil, meantóireacht, acmhainní agus tacaíochtaí atá saincheaptha a chur ar fáil, tá sé mar aidhm leis an straitéis cumhacht a thabhairt d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí chun grá don fhoghlaim do gach foghlaimeoir a fheabhsú agus a spreagadh go leanúnach.

## Cuspóirí thar straitéis deich mbliana:

- A chinntiú go gcuirtear raon taithí foghlama gairmiúla ar fáil sa litearthacht, uimhearthacht, agus sa litearthacht dhigiteach d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí.
- Dul i ngleic leis an oideachas tosaigh gairmiúil (OTG) agus leis an oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) maidir leis an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a chur san áireamh i ngach clár FCLÓ, bunscoile agus iar-bhunscoile.
- Taithí foghlama gairmiúla a chur ar fáil chun tabhairt faoi na riachtanais i réimsí chumas na Gaeilge agus an dea-chleachtais sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar an nGaeilge agus trí Ghaeilge.
- Taithí agus tacaíochtaí foghlama gairmiúla a chur ar fáil chun glacadh le héagsúlacht agus le cleachtais an ilteangachais agus an ilchultúrachais.



## **Colún 3:** Ag tacú leis an gceannaireacht i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige sa chóras scoile

Sa straitéis, aithnítear an ról ríthábhachtach atá ag suíomhanna FCLÓ agus ag foirne ceannaireachta scoile i dtimpeallacht oideachasúil chothaitheach, ionchuimsitheach, fhoghlaimeoirlárnach agus éifeachtach a chur chun cinn do gach foghlaimeoir. In Ag Breathnú ar an Scoil Againne (RO, 2022), aithnítear nádúr doscartha na ceannaireachta agus na bainistíochta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, agus an tionchar atá acu ar an bhfoghlaim.

I gceannaireacht láidir, cothaítear cur chuige comhtháite i dtreo ailíniú an churaclaim, na cinnteoireachta, na pleanála, na straitéisí teagaisc, agus na gcleachtas measúnaithe, ina gcinntítear go ndéantar an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a chomhtháthú isteach go héasca sa taithí foghlama do gach foghlaimeoir.

Sa cheannaireacht éifeachtach, cuirtear an comhoibriú chun cinn freisin i measc oideoirí luathbhlianta, múinteoirí agus páirtithe leasmhara seachtracha ar nós tuismitheoirí agus pobail, inar féidir na cleachtais is fearr agus cur i bhfeidhm na gcur chuige nuálach i dtreo na foghlama agus an teagaisc a chomhroinnt.

Is gá leanúint ar aghaidh agus cumhacht a thabhairt do na ceannairí luathbhlianta agus scoile leis na scileanna agus eolas atá riachtanach le leanúint ar aghaidh agus athrú dearfach agus an nuálaíocht a spreagadh sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach laistigh dá suíomhanna agus dá scoileanna. Tá sé riachtanach cláir fhorbartha, foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní saincheaptha a bheith ann chun tacú leis an athrú agus an nuálaíocht seo. Tá sé mar aidhm leis na tionscnaimh seo timpeallacht a chruthú ina gcuideofar le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do gach foghlaimeoir.

### Cuspóirí thar straitéis deich mbliana:

- Tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’fhoirne ceannaireachta le cultúir chomhoibríocha a choimeád ag imeacht ina spreagtar foghlaim, teagasc agus measúnú na litearthachta, na huimhearthachta, agus na litearthachta digití.
- Tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’ábaltacht na gceannairí le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar thaithí agus ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.
- An leanúnachas a neartú i dturas foghlama na leanaí agus na ndaoine óga sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.



## **Colún 4:** Feabhas a chur ar thaithí an fhoghlaimeora tríd an gcuraclam, an oideolaíocht agus an measúnú

Tá sé riachtanach go mbeidh leanúnachas i bhforbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití an fhoghlaimeora ón luath-óige go duine óg fásta. Foghlaimíonn naíonáin agus leanaí óga tríd an súgradh agus trí thaithí phraiticiúil a bhaineann leo. De réir mar a fhorbraíonn leanaí agus daoine óga, athraíonn na bealaí ina bhfoghlaimíonn siad agus iad ag bogadh trína dturas foghlama ón mbaile go dtí FCLÓ, go dtí an bhunscoil agus ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Reáchtálann oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí, mar ghairmithe oilte, an curaclam trí chinntí a dhéanamh faoin oideolaíocht agus trí chinntí a dhéanamh faoi cad atá le teagasc, cathain, cén fáth agus conas. Déanann siad é seo agus ag an am céanna déanann siad breithniú ar láidreachtaí, riachtanais, spéiseanna agus saintréithe an fhoghlaimeora.

Is é an aidhm atá ag an Rialtas feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht na gcleachtas foghlama agus teagaisc i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna. Tá oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí tiomanta do thimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a chruthú ina nglactar leis an éagsúlacht agus ina mothaíonn gach foghlaimeoir go bhfuil meas air/uirthi agus go bhfuil tacaíocht á fáil aige/aici. Cuid lárnach de seo is ea curaclaim a sholáthar ina gcothaítear tuiscint dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil, agus scileanna foghlama ar feadh an tsaoil.

I suíomhanna FCLÓ, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, leagtar béim láidir ar an oideolaíocht atá freagrúil agus foghlaimeoirlárnach ina gcothaítear timpeallacht foghlama ionchuimsitheach ina bhfreastalaítear ar riachtanais an duine aonair. Trí réimse straitéisí coibhneasta, spraíúla, agus teagaisc, teicnící difreála, agus uirlisí foghlama atá feabhsaithe ag an teicneolaíocht, cinntítear go mbíonn rannpháirtíocht ghníomhach ann, go ndéantar an taithí foghlama a threorú, agus go dtugtar cumhacht d'fhoghlaimeoirí. Mar gheall ar na cuir chuige seo, tugtar dearbhú freisin go bhfreastalófar ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí uile. Tá gá ann freisin le measúnú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus éachtaí an fhoghlaimeora. Ba Chóir go mbeadh an measúnú iontaofa, foirmitheach, agus ag teacht leis na spriocanna foghlama. Ba chóir go gcuirfear aiseolas pras agus deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí ann le machnamh agus fás a dhéanamh. Tá gá le córas measúnaithe cothromaithe ina gcuirtear modhanna measúnaithe éagsúla san áireamh a léiríonn saibhreas agus castacht na taithí foghlama. Cuirfidh sé seo leis an gcinnteoireacht ag gach céim den turas foghlama.

### Cuspóirí thar straitéis deich mbliana:

- Leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach do na foghlaimeoirí uile trí thacaíocht a thabhairt d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí ina dtuiscint ar na creataí curaclaim agus ina gcur i bhfeidhm.
- Feabhas a chur ar scileanna teanga agus ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge tríd an taithí fhoghlam a fheabhsú.
- Leanúint ar aghaidh agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí san úsáid shábháilte agus eitiúil a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach muiníneach agus cumasach.
- Rannpháirtíocht agus spreagadh na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn ina dturas foghlama litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.
- Taithí foghlama a chur ar fáil a thugann faoi dhifríochtaí inscní i ndearcthaí, ina gcuid muiníne agus sa mhéid atá bainte amach acu, réimsí aitheanta d'fhócas sa mhatamaitic agus sa litearthacht.
- Breithniú a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir le modhanna measúnaithe cur le taithí an fhoghlaimeora sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.



# **Colún 5:** Ag tacú le foghlaimeoirí éagsúla chun barr a gcumais a bhaint amach

Sa straitéis seo, táthar tiomanta d'oideachas ionchuimsitheach a bhfuil mar aidhm aici feabhas a chur ar thorthaí na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití do gach foghlaimeoir. Aithnítear go bhfuil láidreachtaí, dúshláin agus stíleanna foghlama ar leith ag foghlaimeoirí éagsúla laistigh de shuíomhanna FCLÓ agus de scoileanna agus go bhfuil leibhéil dhifriúla tacaíochta ag teastáil ó fhoghlaimeoirí. Is téarma leathan é an téarma 'foghlaimeoirí éagsúla' d'aon ghnó chun na bealaí éagsúla chur san áireamh ina bhféadfadh leanaí a bheith i mbaol míbhuntáiste oideachais. Cuimsíonn an téarma foghlaimeoirí a bhfuil míchumais foghlama ar leith orthu, lena n-áirítear míchumais a bhaineann go sonrach leis an litearthacht, uimhearthacht agus teangacha[8], chomh maith le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, iad siúd atá an-chumasach ina meas. Cuimsíonn an téarma freisin foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar an dara teanga acu, agus iad siúd as cúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, lena n-airítear pobail an Lucht Siúil agus na Romach. Ina theannta sin, aithnitear sa straitéis, trasnachas na gcineálacha éagsúla míbhuntáiste a d'fhéadfadh cur níos mó leis na dúshláin a bhíonn i ndán d'fhoghlaimeoirí.

Is í an sprioc atá ann go bhfágfaidh na foghlaimeoirí uile, is cuma faoina gcúlra, cúrsaí oideachais leis na scileanna riachtanacha chun saol neamhspleách agus sásúil a bheith acu. B'fhéidir go mbeidh tacaíochtaí difreáilte ag teastáil chun cuidiú le foghlaimeoirí éagsúla a gcumas foghlama litearthachta, uimhearthachta agus digití a bhaint amach.

8 Le Disléicse, Dioscalcúile agus Diosgraife a chur san áireamh.

Tá sé riachtanach pobal foghlama tacúil agus ionchuimsitheach a chothú ina mothaíonn na foghlaimeoirí uile go bhfuil siad luachmhar, go bhfuil meas orthu agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Tá gá le cultúr um ghlacadh le foghlaimeoirí éagsúla, iad a thuiscint agus tacaíocht a thabhairt dóibh a chur chun cinn laistigh den phobal FCLÓ agus scoile i gcoitinne. Is féidir é seo a bhaint amach trí chomhoibriú na n-oideoirí luathbhlianta, na múinteoirí, na dtuismitheoirí, na bhfoghlaimeoirí, na speisialtóirí, agus na bpáirtithe leasmhara eile. Trí ghlacadh leis an éagsúlacht, an cuimsiú a chothú, agus tacaíocht agus acmhainní atá saincheaptha a chur ar fáil, is féidir cumhacht a thabhairt do na foghlaimeoirí uile le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha agus dul i bhfeidhm ar a dturais foghlama féin agus ionchur dearfach a bheith acu sa tsochaí.

### Cuspóirí thar straitéis deich mbliana:

- Foghlaimeoirí éagsúla a chumasú le rochtain a dhéanamh ar thaithí foghlama ardcháilíochta sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.
- Deiseanna foghlama gairmiúla ardcháilíochta a chur ar fáil d'oideoirí luathbhlianta agus do mhúinteoirí i gcuir chuige éifeachtacha a thacaíonn le foghlaimeoirí éagsúla sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.
- Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar thacaíochtaí dóibh siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla eitneacha agus cultúrtha, chun cur leis na torthaí agus laghdú a dhéanamh ar na bearnaí gnóthachtála sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.
- Níos mó deiseanna a chur ar fáil don fhoghlaim chomhtháite de scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití chun an neamhspleáchas a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí éagsúla.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise le bheith rannpháirteach go hiomlán sa churaclam trína riachtanais teanga shóisialta, chognaíocha agus acadúla a aithint.
- A chinntiú go dtugtar dúshlán agus tacaíocht iomchuí d'fhoghlaimeoirí atá an-chumasach go háirithe sna réimsí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

# Roinn 6

# Cur i bhfeidhm agus an rathúlacht a thomhas

Beidh an príomhstraitéis náisiúnta seo mar bhonn agus mar thaca ag obair an dá Roinn do na deich mbliana amach romhainn. Bainfear amach an dul chun cinn i dtreo cuspóirí na straitéise agus a huaillmhian ar an iomlán a bhaint amach trí phróiseas pleanála straitéiseach ina mbeidh gá le hiarracht agus fócas atá marthanach i ngach cuid den chóras oideachais. Má bhíonn cur chuige comhpháirtíochta ann ina bhfuil oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus ceannairí suíomhanna FCLÓ, múinteoirí agus ceannairí scoile, tuismitheoirí, lucht déanta beartais agus páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe oideachais ábhartha eile san áireamh, tacófar leis an bpróiseas seo.

Próiseas leanúnach a bheidh i gceist le rathúlacht na straitéise a thomhas ina mbeidh bailiú, anailís agus scaipeadh na sonraí agus an aiseolais ó raon leathan foinsí san áireamh. San áireamh anseo, beidh sonraí na RO agus na RLCMLÓ, faisnéis agus aiseolas ó na príomhpháirtithe leasmhara agus ó fhoghlaimeoirí, agus torthaí na tástála náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile. Chomh maith leis sin, aithníodh táscairí thar shaolré na straitéise. Beidh na foinsí sonraí seo mar thagarmharcanna chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun réimsí feabhsúcháin a aithint i rith shaolré na straitéise.

| Táscairí | Colúin | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Líon méadaithe leabhar, leabair leabharlainne san áireamh, a bhfuil rochtain ag naíonáin agus leanaí óga ina mbaile | √ | | | | |
| Céatadán méadaithe de naíonáin agus leanaí óga sa chohórt ó bhreith go cúig bliana d'aois a bhfuil ballraíocht leabharlainne acu | √ | | | | |
| Céatadán méadaithe de naíonáin agus leanaí óga a bhfuil a dtuismitheoirí rannpháirteach leo go minic i (a) ngníomhaíochtaí litearthachta nó (b) uimhearthachta sula dtosaíonn siad i rang a hAon | √ | | | | |
| Rátaí rannpháirtíochta méadaithe ar an iomlán sa chlár um COLÓ (ECCE), lena n-áirítear rátaí grúpaí le rannpháirtíocht níos ísle, go háirithe leanaí an Lucht Siúil agus na Romach | | | | √ | √ |
| Rátaí rannpháirtíochta méadaithe san FCLÓ i measc leanaí atá idir bliain d'aois agus trí bliana d'aois | | | | √ | √ |
| Céatadán méadaithe de sheirbhísí ar leith a chuir an fhoghlaim ghairmiúil LULD bheartaithe i gcrích faoin NSAI (Teanga agus Litearthacht, ETIM (Stem) & na hEalaíona, Measúnú, Rannpháirtíocht Leanaí sa Ghnáthchleachtas Laethúil, Hanen *Learning Language and Loving it* agus Réamhrá Uasdaithe Aistear) | | √ | √ | √ | |

| Táscairí | Colúin | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Líon méadaithe de sheirbhísí FCLÓ ar leith a bhíonn rannpháirteach ina seirbhís leabharlainne áitiúil. (Déantar rannpháirtíocht a rangú mar úsáid ballraíochta oideora agus táscairí eile) | | √ | | √ | |
| Sciar méadaithe d'oideoirí luathbhlianta a léirigh gnéithe ar nós tacaíocht a thabhairt do luathfhoghlaim leanaí de réimsí inneachair (e.g., teanga, uimhearthacht, eolaíocht, ealaín, etc. agus úsáid a bhaint as acmhainní agus uirlisí digiteacha chun an obair a dhéantar le leanaí a éascú) atá curtha san áireamh laistigh de na cláir foghlama gairmiúla a dtugann siad fúthu | | √ | | | |
| Sciar méadaithe d'oideoirí luathbhlianta a léirigh go raibh tionchar dearfach ag na cláir foghlama gairmiúla seo ar an obair a dhéanann siad le leanaí | | √ | | | |
| Meonta dearfacha méadaithe i dtreo na bhfoghlaimeoirí agus spreagadh i measc na bhfoghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna don mhatamaitic | | | | √ | √ |
| Am méadaithe ina gcaitheann foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ag léamh agus ag scríobh chun taitneamh a bhaint as | | | | √ | √ |
| Dearcadh dearfach méadaithe i measc foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus múinteoirí i dtreo na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | √ | √ | √ | √ | √ |
| Leibhéil choinnithe de scoláirí a dhéanann matamaitic ag an ardleibhéal don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht | | | | √ | √ |
| Cáilíocht fheabhsaithe de thaithí foghlama sa Ghaeilge agus de thorthaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | | | | √ | √ |
| Feasacht fheabhsaithe i múinteoirí agus úsáid fheabhsaithe d'acmhainní litearthachta digití i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | √ | | | |
| Tacaíochtaí feabhsaithe ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile d'fhoghlaimeoirí an Lucht Siúil agus na Romach agus dá dteaghlaigh | √ | √ | √ | √ | √ |
| Feasacht fheabhsaithe i múinteoirí maidir leis na tacaíochtaí chun bréagaisnéis a aithint agus chun dul ina coinne i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | √ | | | |

| Táscairí | Colúin | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Úsáid mhéadaithe den tseirbhís leabharlainne ag foghlaimeoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, múinteoirí agus scoileanna | | √ | √ | √ | √ |
| Foghlaim ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna taobh le forbairt na litearthachta digití, intleacht shaorga (AI) san áireamh | | | √ | √ | |
| Caighdeáin arda léitheoireachta d'fhoghlaimeoirí a choinneáil ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile trí scileanna tuisceana agus smaointeoireachta ardoird a chur chun cinn | | | | √ | √ |
| Líon laghdaithe foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ag an leibhéal gnóthachtála is ísle sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic araon | | | | √ | √ |
| Feidhmíocht fheabhsaithe ag foghlaimeoirí i scoileanna CDSIS (DEIS) sa litearthacht mhatamaitice agus léitheoireachta | | | | | √ |
| Feidhmíocht fheabhsaithe ag foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna sa mhatamaitic agus fócas ar leith ar chruthanna agus ar spásanna, agus ar shonraí | | | | √ | √ |
| Líon méadaithe foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ag an leibhéal gnóthachtála is airde sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic araon | | | | √ | √ |
| Feidhmíocht mhéadaithe sa mhatamaitic ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile agus fócas ar ghnóthachtáil na bhfear agus na mban araon | | | | √ | √ |
| Bearna laghdaithe sna hinscní i bhfeidhmíocht na litearthachta léitheoireachta: feidhmíocht na mban a choinneáil agus feidhmíocht na bhfear a mhéadú | | | | √ | √ |

Leis an gcur chuige cuimsitheach seo i dtreo meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, cinntítear go mbeidh an straitéis fós freagrúil do na riachtanais atá ag forbairt, ina gcinntítear go bhfaigheann gach foghlaimeoir an tacaíocht agus na deiseanna atá riachtanach le bheith rathúil go pearsanta agus go hacadúil sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Trí mheastóireacht agus oiriúnú leanúnach, tá sé mar aidhm leis an straitéis seo cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú sa litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach ar fud leibhéil uile an oideachais, ón FCLÓ go dtí an leibhéal iar-bhunscoile.

Clúdóidh cur i bhfeidhm na straitéise tréimhse deich mbliana, ó 2024 go 2033, arna thacú ag dhá phlean fhorfheidhmithe. Sa chéad phlean atá foilsithe in éineacht leis an straitéis seo, leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhartha a bhaineann leo do na chéad chúig bliana amach romhainn. Déanfar an dul chun cinn a thaifeadadh gach bliain agus a scaipeadh trí thuarascálacha foilsithe. Ina theannta sin, beidh athbhreithniú ar siúl trí bliana i ndiaidh an straitéis a chur i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun aon choigeartuithe atá ag teastáil a aithint. Forbrófar an dara plean fhorfheidhmithe do na cúig bliana atá fágtha, a léiríonn tiomantas leanúnach i dtreo an mhionleasaithe agus an fheabhsúcháin straitéisigh.

Cuirfear struchtúir i bhfeidhm sa dá roinn chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise agus ar an monatóireacht ar an dul chun cinn. Chomh maith leis sin, bunófar grúpa comhairleach forfheidhmithe litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití chun cur i bhfeidhm na straitéise a threorú. Cuirfidh an grúpa comhairleach seo léargas agus treoir luachmhar ar fáil i rith an phróisis fhorfheidhmithe, ina gcinnteofar go mbeidh an straitéis freagrúil go fóill do riachtanais agus do thosaíochtaí na bhfoghlaimeoirí uile. Beidh ról ríthábhachtach ag an ngrúpa seo le cur le héifeachtúlacht na straitéise agus leis an tionchar ar an iomlán ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí.

# Aguisín

# Aguisín 1 – Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AIM | An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú |
| FCÁT | Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| EAL | Béarla mar Theanga Bhreise |
| COLÓ (ECCE) | Cúram agus Oideachas na Luath-Óige |
| FCLÓ (ELC) | Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige |
| OFI (ESD) | Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe |
| EYEI | Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta |
| TCÉ (ISL) | Teanga Chomharthaíochta na hÉireann |
| OTM (ITE) | Oideachas Tosaigh Múinteoirí |
| LAOS | Ag Breathnú ar an Scoil Againne |
| ATF | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| ATSB | An Ardteistiméireacht Sheanbhunaithe |
| GCAT | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LULD | Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach |
| NTI | Nuatheangacha Iasachta |
| NALA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| NAMER | Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| SNCL | An Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| SNCLSR | An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach |
| NPC | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí |
| NSAI | Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear |
| ECFE | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| PIRLS | Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta |
| PISA | An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí |
| CCB | *Creat-churaclam na Bunscoile* |
| FG | Foghlaim Ghairmiúil |
| PLC/CTB | *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile* |
| CMB | *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* |
| CLAS | Cúram Leanaí ar Aois Scoile |
| ASS | Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| TLSRO | Tacú leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh san Oideachas |
| STME | Staidéar ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus Eolaíocht |
| TY | An Idirbhliain |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |

# Aguisín 2 – Gluais

| | |
|---|---|
| Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach | Raon modhanna cumarsáide is féidir a úsáid chun urlabhra a bhreisiú nó a ionadú. Aon chineál cumarsáide seachas focail labhartha a úsáidtear le hurlabhra ó bhéal nó in ionad urlabhra ó bhéal |
| CDSISI (DEIS) | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna – Plean Gníomhaíochta na Roinne le haghaidh cuimsiú oideachais |
| Saoránaigh dhigiteacha | Saoránaigh atá in ann uirlisí digiteacha a úsáid chun nithe a chruthú agus a ídiú agus chun cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh go dearfach agus go freagrach le daoine eile. Tuigeann saoránaigh dhigiteacha cearta an duine agus tugann siad aird orthu, glacann siad le héagsúlacht, agus éiríonn leo a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil chun coinneáil suas le forbairtí sa tsochaí. |
| Oideachas saoránachta digití | Cur chuige iomlánaíoch ina bhféachtar le forbairt a dhéanamh ar na scileanna bunriachtanacha agus an t-eolas bunriachtanach a theastaíonn i ndomhan nasctha an lae inniu agus le cothú a dhéanamh ar na luachanna agus na dearcthaí lena gcinnteofar go n-úsáidfear iad go críonna agus go fiúntach. |
| Foghlaimeoir digiteach | Leanaí agus daoine óga ina n-úsáideoirí teicneolaíochta digití atá fiosrach, cruthaitheach, muiníneach agus criticiúil. Trí bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha, cothaíonn leanaí a gcumas chun comhoibriú agus teacht faoi bhláth i ndomhan atá éirí níos tumtha sa teicneolaíocht. |
| Litearthacht dhisciplíneach | Teanga agus litearthacht a theagasc síos tríd an gcuraclam, ar bhealach a dtacaíonn le smaointeoireacht agus foghlaim in ábhair dhifriúla. |
| Foghlaimeoirí Éagsúla | Foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, lena n-áirítear míchumas foghlama ginearálta, míchumas foghlama ginearálta éadrom, measartha agus trom, cineálacha míchumais foghlama ar leith, lena n-áirítear míchumais a bhaineann go sonrach leis an litearthacht, uimhearthacht agus teanga[9], foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu maidir le lagú éisteachta agus radhairc, foghlaimeoirí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, foghlaimeoirí atá ag foghlaim Béarla mar an dara teanga, agus foghlaimeoirí atá an-chumasach nó a bhfuil riocht eile orthu arb é an toradh atá air go bhfoghlaimíonn an duine sin ar bhealach atá difriúil leis an dóigh a bhfoghlaimíonn duine nach bhfuil an riocht sin air/uirthi. |
| Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) | Sainmhínítear an téarma 'foghlaim agus cúram na luath-óige' mar shocruithe rialáilte lena soláthraítear oideachas agus cúram ón mbreith go dtí tús na scolaíochta, agus folaíonn sé seirbhísí ionadbhunaithe agus feighlithe leanaí cláraithe araon. |
| Contanam oideachais | Turas foghlama gan bhriseadh don leanbh ó na luathbhlianta go dtí deireadh an oideachais fhoirmiúil. |

9 Le Disléicse, Dioscalcúile agus Diosgraife a chur san áireamh.

| | |
|---|---|
| Míbhuntáiste oideachais | Na bacainní ar oideachas a eascraíonn as míbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch ina gcuirtear cosc ar dhaltaí an tairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna. |
| Oideachas don fhorbairt inbhuanaithe | An t-eolas agus na scileanna atá ag teastáil chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc cinn eile, trí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus do stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamhfhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda, agus léirthuiscint d'éagsúlacht chultúrtha agus don rannchuidiú a dhéanann an cultúr leis an bhforbairt inbhuanaithe, i measc nithe eile. |
| Tús Cothrom | Is é is Tús Cothrom ann, samhail mhaoinithe agus tacar beart uilíoch agus spriocdhírithe gaolmhar chun tacú le rochtain ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile, agus le rannpháirtíocht iontu sin, do leanaí agus dá dteaghlach atá thíos le míbhuntáiste. |
| Oideachas Idirchultúrtha | Oideachas ina dtugtar meas ar normáltacht na héagsúlachta i ngach réimse de shaol an duine agus ina ndéantar an normáltacht sin a cheiliúradh agus a aithint. |
| Lámh | Is é is Lámh ann, córas comharthaíochta de láimh a úsáideann leanaí agus daoine fásta in Éirinn a bhfuil míchumas intleachta orthu agus a bhfuil riachtanais chumarsáide acu é chun tacú le cumarsáid. |
| Torthaí Foghlama | Cur síos ar na scileanna intomhaiste, ar na cineálacha cumais intomhaiste, ar an eolas intomhaiste nó ar na luachanna intomhaiste is cóir do dhaltaí a bheith in ann a thaispeáint mar thoradh ar chúrsa/clár foghlama a chur i gcrích. |
| Teangeolaíoch | Bainteach leis an staidéar ar theanga. |
| Ilchultúrtha | Éagsúlacht grúpaí eitneacha leithleacha agus cultúr i suíomhanna luathbhlianta agus i seomraí ranga. |
| Ilteangach | Éagsúlacht teangacha i suíomhanna luathbhlianta agus i seomraí ranga. |
| An Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí (SNCL) | Leis an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí, tugtar tacaíocht airgeadais chun cabhrú le teaghlaigh lena gcostais luathfhoghlama agus cúram leanaí. |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) | Bunaíodh CNOS chun feabhas a chur ar na seirbhísí oideachais a sholáthraítear do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a eascraíonn as míchumas, agus béim ar leith ar leanaí. |

| | |
|---|---|
| Oide | Is é is Oide ann, an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus atá cruthaithe trí cheithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana féin a thabhairt le chéile. Seoladh an tseirbhís ar an 1 Meán Fómhair 2023. Is iad na seirbhísí tacaíochta sin ná an Lárionad um Cheannaireacht Scoile, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. |
| Tuismitheoirí agus teaghlaigh | Déanann tuismitheoirí tagairt do mháithreacha, aithreacha, iad siúd a bhfuil freagracht tuismitheora orthu i gcaidreamh tuismitheoireachta éagsúil. D'fhéadfadh tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla, agus cúramóirí. |
| Cleachtais oideolaíocha | Cleachtais a aithnítear a bheith riachtanach chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. |
| Ilchultúrtha | Déanann sé seo tagairt do roinnt cultúr. |
| Ilteangach | An cumas atá ag duine chun cumarsáid a dhéanamh i roinnt teangacha. |
| Foghlaim Ghairmiúil | Eispéiris forbartha gairmiúla, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), oiliúint, ceardlanna nó cláir a nglacann oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí, múinteoirí, ceannairí shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus ceannairí scoile páirt iontu agus ina mbeadh foghlaim ghairmiúil mar thoradh orthu. |
| Féinmheastóireacht scoile | Próiseas trína ndéanann scoileanna sainaithint agus machnamh ar eispéiris oideachasúla leanaí/daltaí agus ar a dtorthaí, a bhfolláine, a n-inspreagadh chun foghlaim agus a rannpháirtíocht san fhoghlaim agus trína n-ullmhaíonn siad clár oibre ina dhiaidh sin chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfoghlaim go héifeachtach. |
| Aistrithe | Is féidir le haistrithe a bheith idir an baile agus suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige nó an scoil, laistigh de ghnáthaimh laethúla agus idir gnáthaimh laethúla, agus ó shuíomh amháin go ceann eile. Chomh maith leis sin, is féidir le haistrithe a bheith idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann foghlaimeoirí am, idir suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus an bhunscoil, idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil, agus idir ranganna ar gach leibhéal scoile. |

# Aguisín 3 – Feabhsúcháin ar an méid atá bainte amach do leanaí agus daoine óga ó 2011.

## 1. Tá athrú ó bhonn déanta ar thírdhreach fhoghlaim agus chúram na luath-óige

Tá athruithe suntasacha tagtha ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige, agus leanann athruithe suntasacha de bheith ag teacht ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige, ó thaobh beartais agus cleachtais de. Straitéis deich mbliana a foilsíodh sa bhliain 2018 is ea *Na Chéad 5*, an straitéis uile-Rialtais chun feabhas a chur ar shaol naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh. Foilsíodh Plean nua um Chur i bhFeidhm le haghaidh *Na Chéad 5* don tréimhse 2023-2025 le déanaí. In Na Chéad 5, tugtar gealltanas go dtabharfar faoi mhórthionscnaimh lena mbaineann saoire teaghlaigh, seirbhísí sláinte leanaí, tacaí tuismitheoireachta, agus pobail a thacaíonn le leanaí. Tugtar gealltanas ann freisin go ndéanfar mór-athchóiriú ar chóras fhoghlaim agus chúram na luath-óige, agus é mar aidhm leis tuilleadh feabhais a chur ar inacmhainneacht, ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Tá sé mar aidhm le roinnt de na gealltanais in Na Chéad 5 tacú le luathfhorbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta i measc naíonán agus leanaí óga. Áirítear leis Na Chéad 5 gníomhartha spriocdhírithe sonracha amhail na Bearta Naíonán Beag agus Tionscnamh na Leabharlann Beag a triaileadh le déanaí, rud lena méadaítear an fháil ar leabhair i dtithe agus i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige. D'éirigh le Tionscnamh na Leabharlann Beag málaí leabhar a bhronnadh ar 60,000 leanbh óg agus is mar thoradh air a chláraigh breis agus 30,000 leanbh idir ceithre bliana d'aois agus cúig bliana d'aois, agus 4,000 suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, le haghaidh ballraíocht dá leabharlann áitiúil agus le haghaidh seirbhísí leabharlainne áitiúla.

Tráth fhoilsiú straitéis na bliana 2011, ní raibh clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige ach ina thús, agus bliain amháin d'oideachas réamhscoile á soláthar aige do leanaí. Leathnaíodh clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige sa bhliain 2016 agus leathnaíodh é an athuair sa bhliain 2018. De bhreis air sin, tugadh an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú isteach sa bhliain 2016 chun a chinntiú go bhféadfadh leanaí a bhfuil míchumas orthu rollú i gclár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige agus páirt a ghlacadh ann, agus tá leathnú is faide ná an clár le déanamh ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith. Tugadh an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí isteach sa bhliain 2019. Comhlánaíonn sí clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, agus fóirdheontais á soláthar aici chun laghdú a dhéanamh ar na costais a thabhaíonn tuismitheoirí nuair a ghlacann a leanaí páirt i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus i gcúram leanaí ar aois scoile. Comhcheanglaíonn an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí bearta uilíocha agus bearta spriocdhírithe araon:

- Fóirdheontas uilíoch ina laghdaítear na glanchostais do thuismitheoirí go mór. Is ionann é agus €1.40 san uair faoi láthair, ag méadú go €2.14 san uair i mí Mheán Fómhair 2024.
- Fóirdheontas atá measúnaithe de réir ioncaim, ina dtugtar rátaí fóirdheontais níos airde do theaghlaigh atá ar ísealioncam. Tá fóirdheontais atá measúnaithe de réir ioncaim ar fáil do theaghlaigh a bhfuil a n-ioncam inríofa níos lú ná €60,000 in

aghaidh na bliana. Dá laghad ioncam an teaghlaigh is ea is amhlaidh is airde an ráta fóirdheontais. Tá teaghlaigh a bhfuil a n-ioncam inríofa níos lú ná €26,000 i dteideal an ráta uasta fóirdheontais, rud a fhágann go soláthraítear an cúnamh airgeadais is mó do theaghlaigh atá thíos le bochtaineacht agus le míbhuntáiste.

I gcás roinnt teaghlach, soláthraítear rochtain saor in aisce ar chúram agus foghlaim na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile leis an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí. Go sonrach, áirítear leis an scéim socruithe trínar féidir le spriocghrúpaí sonraithe rochtain saor in aisce a fháil, i gcás go dtarchuireann comhlacht urraíochta iad.

Sa lá atá inniu ann, is féidir le leanaí, ón uair atá siad dhá bhliain agus ocht mí d'aois, leas a bhaint anois as an gclár réamhscoile uilíoch ar feadh dhá bhliain sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil, agus tá gealltanas ann go dtabharfar an clár ar bhonn reachtúil. I láthair na huaire, glacann 96% de leanaí san iomlán san aoischohórt incháilithe páirt i gclár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Táthar ag súil leis go mbainfidh 180,000 leanbh leas as tacaí faoin Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí i mbliana.

Rinneadh próisis rialála agus chigireachta chúram agus fhoghlaim na luath-óige a leathnú agus a neartú. Sa bhliain 2016, tugadh *Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016*, isteach. Leis na rialacháin, déantar cur síos ar na caighdeáin sláinte, sábháilteachta, leasa agus forbartha nach mór a bheith i bhfeidhm i seirbhísí chúram agus fhoghlaim na luath-óige agus tugadh isteach den chéad uair riamh leo íosleibhéal cáilíochta, ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, do na baill foirne uile a oibríonn go díreach le leanaí. Sa bhliain 2016, cuireadh tús le Cigireachtaí atá Dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta. Tá sé mar aidhm leis na cigireachtaí meastóireacht a dhéanamh ar phríomhghnéithe den soláthar oideachais agus feabhsú i suíomh chúram agus oideachas na luath-óige atá faoi athbhreithniú a chur chun cinn. Cé gur leagadh an díriú ar dtús ar mheasúnú a dhéanamh ar shuíomhanna chúram agus oideachas na luath-óige a bhí ag glacadh páirt i gClár Cúram agus Oideachas na Luath-Óige, leasaíodh an tsamhail um Chigireachtaí atá Dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta sa bhliain 2023 ón mbreith go sé bliana d'aois. Sa bhliain 2021, foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí 2021-2028. Leagtar amach ann cur chuige céimnithe i leith rialáil agus tacaí d'fheighlíocht a leathnú.

Maidir leis an gcumas atá ag oideoirí luathbhlianta agus ag feighlithe leanaí chun tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí óga, bíonn sé ag brath ar mhórghníomhartha a bhfuil mar aidhm leo tacú le cáilíocht sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige, go háirithe trí fhorbairt ghairmiúil lucht oibre fhoghlaim agus chúram na luath-óige. *Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028*, foilsíodh é sa bhliain 2021 agus leagtar amach ann fís agus plean cur chun feidhme chun spriocanna a bhaineann leis an lucht oibre a chomhlíonadh, lena n-áirítear aistriú chuig lucht oibre atá faoi stiúir ag céimithe faoin mbliain 2028. Tugadh isteach leis creat gairme agus conaire gairme, lena n-áirítear tacaí do róil cheannaireachta. Mar gheall ar chomhoibriú idir RLCMLÓ agus RO, rinneadh athbhreithniú ar chláir oideachais ghairmiúil tosaigh don earnáil agus ceanglaíodh cláir chistiúcháin leis na caighdeáin dámhachtana nua. Leis na *Tuairisceoirí de chineál Dámhachtana Gairmiúla* (PATD) agus leis na *Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla* (PACG), cuireadh díriú ar litearthacht agus uimhearthacht, sealbhú teanga agus ilteangachas na luath-óige ar áireamh i gcláir oideachais ghairmiúil tosaigh suas go dtí leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Táthar ag leanúint den infheistíocht phoiblí i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige a mhéadú. Leis an tsamhail cistiúcháin 'Together for Better', a tugadh isteach sa bhliain 2022, tacaítear le hinacmhainneacht fheabhsaithe do thuismitheoirí, le cáilíocht fheabhsaithe do leanaí trí phá níos fearr agus coinníollacha níos fearr do bhaill foirne, i measc nithe eile, le hacmhainn mhéadaithe do theaghlaigh, agus le cobhsaíocht airgeadais níos mó do sholáthraithe seirbhíse. I láthair na huaire, tugtar clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, lena n-áirítear an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (rud lena dtacaítear le leanaí a bhfuil míchumas orthu páirt a ghlacadh ann), an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí, agus Croíchistiú le chéile leis an tsamhail. Tháinig méadú faoi cheithre ar infheistíocht i gcúram agus oideachas na luath-óige le naoi mbliana anuas – ó €265 mhilliún sa bhliain 2015 go €1.1 billiún sa bhliain 2024. Tá sprioc infheistíochta in Na Chéad 5 go ndúnfaí an bhearna atá ann cheana san infheistíocht phoiblí i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige in aghaidh mheán an Aontais Eorpaigh thar an tréimhse 2023-2028. Tabharfar ceathrú snáithe, mar atá Tús Cothrom, isteach sa bhliain 2024.

## 2. Tá feabhas ag teacht ar fheidhmíocht na bhfoghlaimeoirí in Éirinn sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic

Léirítear sna torthaí is déanaí ar mheasúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil feidhmíocht foghlaimeoirí ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiar-bhunscoile in Éirinn ag feabhsú ina lán réimsí litearthachta agus uimhearthachta.

### 2.1 Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta

Sa Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS), rud ar ghlac Éire páirt ann sna blianta 2011, 2016 agus 2021, leagtar béim ar an dul chun cinn a rinneadh i bhfeidhmíocht litearthachta na ndaltaí i rang a ceathair. In Éirinn, cuireadh an tástáil siar go fómhar na bliana 2021 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Dá bhrí sin, tástáladh daltaí in Éirinn (agus i 13 thír eile) i dtús an 5ú Grád, agus tástáladh daltaí sna tíortha eile de chuid PIRLS (43 thír) ag deireadh an 4ú Grád. Cé nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir na torthaí ó bhlianta eile agus ó ghrúpaí eile sa bhliain 2021, d'fhan Éire i measc fothacar tíortha ardghnóthachtála i ndáil le léitheoireacht bunscoile in PIRLS 21. D'fheidhmigh cailíní i bhfad níos fearr ná buachaillí i léitheoireacht. D'fheidhmigh daltaí a léann ar son spraoi gach lá, beagnach, i bhfad níos fearr ná a bpiaraí.

### 2.2 Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla

Léirítear sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (NAMER) 2021 go raibh feidhmíocht fhoriomlán na ndaltaí i rang a dó cosúil den chuid is mó leis an ngnóthachtáil sa bhliain 2014, d'ainneoin phaindéim Covid-19 agus an chuir isteach ar theagasc agus foghlaim. D'fheidhmigh cailíní níos fearr ná buachaillí ar an iomlán i Léamhthuiscint, agus ní raibh aon difríocht idir na hinscní ann i scóir Stór Focal. Bhí feidhmíocht na ndaltaí i rang a sé i matamaitic sa bhliain 2021 cosúil den chuid is mó lena bhfeidhmíocht sa bhliain 2014. Cé nach raibh aon athrú suntasach ann sna scóir le haghaidh réimsí ábhair an Uimhris, an Ailgéabair, na dTomhas agus na Sonraí, bhí an scór maidir le Cruth agus Spásúlacht níos ísle ná mar a bhí sé sa bhliain 2014. I matamaitic, d'fheidhmigh buachaillí níos fearr ná cailíní ar an iomlán agus ar gach foscála.

### 2.3 Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí i Matamaitic agus Eolaíocht

Leis an Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí i Matamaitic agus Eolaíocht (TIMSS), tugtar léargais ar na scileanna matamaitice atá ag daltaí i rang a ceathair sa bhunscoil agus sa dara bliain ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Léiríodh in TIMSS 2019 gur fhan an fheidhmíocht

fhoriomlán seasmhach agus láidir sa tréimhse ón mbliain 2015 i leith, agus gan aon difríocht shuntasach a bheith ann idir scóir na mbuachaillí agus na gcailíní i matamaitic in Éirinn. Maidir lenár dtíortha comparáide, tugtar le fios ann go bhfuil ár ndaltaí is fearr feidhmíocht ag tearcfheidhmiú i matamaitic, i gcoibhneas le gnóthachtáil na ndaltaí is ísle gnóthachtáil agus leis an meánghnóthachtáil náisiúnta.

### 2.4 An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí

Ba é an Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA) 2022 an mheasúnacht idirnáisiúnta is déanaí. Tá an tuarascáil Éireannach iomlán dar teideal *Education in a Dynamic World: the performance of students in Ireland in PISA 2022* ar fáil anseo. Léirítear sna táblaí seo a leanas cén áit a ghnóthaigh Éire i réimsí na litearthachta léitheoireachta agus na litearthachta matamaitice.

*Tábla 1: Litearthacht léitheoireachta PISA 2022: Sracfhéachaint ar liostuithe na hÉireann*

| Ar an iomlán (81 tír) | ECFE (37 dtír) | AE (26 thír) |
|---|---|---|
| **2** Éire | **1** Éire | **1**Éire |
| ón 8ú háit sa bhliain 2018 | ón 4 sa bhliain 2018 | ón 3 sa bhliain 2018 |

*Tábla 2: Litearthacht mhatamaitice PISA 2022: Sracfhéachaint ar liostuithe na hÉireann*

| Ar an iomlán (81 tír) | ECFE (37 dtír) | AE (26 thír) |
|---|---|---|
| **11** Éire | **7** Éire | **3** Éire |
| ón 21 sa bhliain 2018 | ón 16 sa bhliain 2018 | ón 11 sa bhliain 2018 |

Cé nach ngabhtar sna tomhais sin sa tástáil náisiúnta agus idirnáisiúnta gach ar baineadh amach a bhuí le straitéis na bliana 2011, bhíothas in ann an rath sna réimsí sin a fheiceáil freisin i bhfearainn eile inar socraíodh spriocanna.

## 3. Tá athrú suntasach déanta ar an gcuraclam ag gach leibhéal

Maidir le leanúnachas agus dul chun cinn i bhforbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha, tacaítear leo anois trí chreataí curaclaim a ailíniú ar fud na gcéimeanna. Bhí leabú príomhinniúlachtaí agus príomhscileanna ina chuid lárnach de chreataí curaclaim a fhorbairt san earnáil luath-óige, san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile. Tá scileanna, meonta agus eolas litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha le sonrú ar fud na bpríomhinniúlachtaí agus na sonraíochtaí curaclaim ag gach céim. Leagtar béim iontu ar scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, ar fholláine a chur chun cinn, agus ar chuimsiú.

### 3.1 Curaclam na Luath-Óige

Is é *Aistear*, a foilsíodh sa bhliain 2009, creatchuraclam na luath-óige do leanaí óna mbreith go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois. Le Aistear, ceiliúrtar an luath-óige mar thréimhse ina bhfuil saoirse ag leanaí, ina dtaitníonn eispéiris leo agus ina bhfoghlaimíonn siad ó na heispéiris sin de réir mar a tharlaíonn siad. Tá Aistear á nuashonrú ag CNCM faoi láthair. Coinneofar na Prionsabail agus na Téamaí ach déanfar iad a leasú agus a athrú chun dáta. Áirítear leis an bpróiseas freisin breithniúcháin maidir le tacaíocht a thabhairt do Aistear,

agus é mar aidhm leo bonn eolais a chur faoi ábhair threorach a fhorbairt chun tacú le hoideoirí luathbhlianta agus le feighlithe leanaí de réir mar a ghabhann siad do na Prionsabail agus na Téamaí. Aidhm eile atá leis na breithniúcháin sin is ea bonn eolais a chur faoi ábhair do thuismitheoirí a fhorbairt chun tacú leis an tuiscint atá acu ar conas a d'fhéadfadh a naíonán, a lapadán nó a leanbh óg Aistear a eispéiriú. Cuirfear san áireamh sa Chreat nuashonraithe freisin na hathruithe beartais atá tagtha chun cinn ó thabhairt isteach Aistear sa bhliain 2009 i leith. Maidir leis na nuashonruithe beartaithe, ba bhonn eolais fúthu é athbhreithniú litríochta (French and McKenna, 2022) agus forbraíodh iad i gcomhairle le geallsealbhóirí, lenar áiríodh naíonáin agus leanaí óga, tuismitheoirí agus oideoirí luathbhlianta (O'Toole et al., 2023). Tabharfaidh CNCM an leagan nuashonraithe de Aistear chun críche sa bhliain 2024.

## 3.2 Curaclam na Bunscoile

I *gCreatchuraclaim na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* a foilsíodh i mí an Mhárta 2023, leagtar amach an fhís agus na prionsabail le haghaidh curaclam athfhorbartha. Leagtar amach ann freisin príomhinniúlachtaí chun leanaí a chumhachtú chun gníomhú agus chun cinntí a dhéanamh maidir le heispéiris, imeachtaí agus cásanna sonracha foghlama. Tugadh *Primary Language Curriculum*/Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* (2023) isteach cheana féin. Sna curaclaim sin atá bunaithe ar thorthaí, cuimsítear freisin contanaim dul chun cinn ina gcuirtear síos ar ghnéithe de na torthaí foghlama go mion agus ina dtugtar breac-chuntas ar chonair foghlama shamplach. Tabharfar na sonraíochtaí curaclaim bunscoile atá fágtha isteach do scoileanna sa scoilbhliain 2025/2026.

## 3.3 An Creat don tSraith Shóisearach

Sa *Chreat* don tSraith Shóisearach 2015, leagtar amach fís shoiléir ar conas a thiocfaidh cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnachta chun cinn sna chéad trí bliana den oideachas iar-bhunscoile chun a chinntiú go bhfaighidh leanaí óga eispéireas foghlama atá oiriúnach do riachtanais an 21ú haois. Tá an fhoghlaim sa tsraith shóisearach bunaithe orthu seo a leanas:

- Ocht bprionsabal atá mar bhonn agus thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach ina iomláine.
- Ceithre ráiteas foghlama is fiche atá ina gcuid dhílis de phleanáil le haghaidh na meastóireachta ar chlár sraithe sóisearaí na scoile agus le haghaidh eispéireas na ndaltaí inti.
- Ocht bpríomhscil a theastaíonn le haghaidh fhoghlaim rathúil gach dalta.

Leis na prionsabail, na ráitis foghlama agus na príomhscileanna, soláthraítear struchtúr is féidir le scoileanna a úsáid chun a gclár sraithe sóisearaí a dhearadh. Tá na hocht bpríomhscil mar bhonn agus thaca ag sonraíochtaí ábhair nua, agus tuilleadh béime á leagan ar litearthacht agus uimhearthacht a theagasc agus a chomhdhlúthú mar phríomhscileanna ar fud gach gné de churaclam na sraithe sóisearaí. Chomh maith leis sin, forbraíodh gearrchúrsaí le Cláir Foghlama nua (Clár Foghlama Leibhéal 1 (L1LP)[10] agus Clár Foghlama Leibhéal 2 (L2LP)[11] agus rinneadh Aonaid Foghlama Tosaíochta (PLUnna) ghaolmhara a

10 Is iad na daltaí L2LP atá ag tabhairt faoi L2LP ná na daltaí sin a bhfuil míchumas foghlama orthu sa raon cumas idir éadrom íseal agus measartha ard.

11 Is iad na daltaí L1LP atá ag tabhairt faoi L1LP ná na daltaí sin a bhfuil a bhfoghlaim sa raon idir measartha íseal agus dian agus trom, dar le síceolaí oideachasúil nó cliniciúil.

fhorbairt agus a thabhairt isteach chun tacú le riachtanais foghlama daltaí ag an tSraith Shóisearach..

### 3.4 Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Tá an tSraith Shinsearach á hathfhorbairt ag CNCM faoi láthair. Is é a bheidh i gceist leis sin ná sonraíochtaí nua le haghaidh ábhair atá ann cheana féin agus ábhair nua a thabhairt isteach. Le príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí, tógtar ar phríomhinniúlachtaí chlár na Sraithe Sóisearaí. Is bunchlocha i bhforbairt phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí iad an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.

### 3.5 Aistrithe thar gach leibhéal

Thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) treoir chun tacú le dul chun cinn san fhoghlaim trí aistrithe foghlaimeoirí ar fud na n-earnálacha a bhainistiú go héifeachtach. Áirítear léi sin na teimpléid tuairiscithe 'Mo Scéal' agus ábhair an Phas Oideachais, a thacaíonn le faisnéis foghlaimeoirí a aistriú. Tháinig an Pas Oideachais le bheith ina cheanglas éigeantach ón mbliain 2014/2015 i leith. Tugtar gealltanas in *Na Chéad 5* go bhforbrófar beartas náisiúnta maidir leis an aistriú ón mbaile isteach i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige, trí fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar aghaidh chuig an mbunscoil. Tá obair ar bun ar an tsamhail náisiúnta sin a fhorbairt.

# 4. Tá méadú tagtha ar thacaíochtaí d'oideoirí luathbhlianta, do cheannairí i suíomhanna FCLÓ, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile

## 4.1 An luath-óige

Bunaíodh Tús Níos Fearr (*Better Start*) sa bhliain 2014. Is tionscnamh náisiúnta é a bhfuil mar aidhm leis foghlaim agus cúram na luath-óige atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a bhreisiú do leanaí óna mbreith go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois. Tairgtear Tús Níos Fearr trí chlár oibríochtúla: seirbhís forbartha cáilíochta; cláir foghlama agus forbartha; agus tacaí a bhaineann leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú. Sa bhliain 2016, tosaíodh Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear chun tacú le cur i bhfeidhm comhordaithe náisiúnta Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige. Tá an Treoir Cleachtais le haghaidh Aistear/Síolta mar bhonn agus thaca ag an tionscnamh. Foilsíodh an treoir sin chun tacú le hoideoirí luathbhlianta an dá chreat a úsáid le chéile. Tá an ról comhairleach atá ag Tús Níos Fearr á leathnú faoi láthair chun tacaí Tús Cothrom a chomhtháthú.

## 4.2 Oideachas Múinteoirí

Rinneadh gach ceann de na cláir oideachais tosaigh múinteoirí a fhairsingiú agus a athchumrú, de réir Straitéis na bliana 2011 agus de réir na gCritéar agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir ón gComhairle Mhúinteoireachta (2011), agus am breise á sholáthar le haghaidh socrúchán scoile agus le haghaidh gnéithe éigeantacha amhail litearthacht, uimhearthacht, TFC agus oideachas cuimsitheach. Áiríodh cineálacha cur chuige foghlama cumaisc le raon samhlacha foghlama gairmiúla múinteoirí a fhorbairt. Ba é a bhí i gceist leis na cineálacha cur chuige sin ná meascán d'fhoghlaim scoilbhunaithe agus d'fhoghlaim na foirne uile, samhlacha ar líne agus samhlacha a éascaítear go seachtrach. Ina theannta sin, bunaíodh clár iarchéime chun uasoiliúint a sholáthar do mhúinteoirí Matamaitice ar leibhéal na bunscoile atá ag obair lasmuigh dá réimse. Bunaíodh an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí agus Droichead ina dhiaidh sin chun tacú le Múinteoirí Nuacháilithe.

Le linn thréimhse feidhme na straitéise, tugadh tús áite do mhúinteoirí i scoileanna CDSIS (DEIS) le haghaidh foghlaim ghairmiúil i litearthacht agus in uimhearthacht. Rinneadh ceanglas d'fhorbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a chur ar áireamh i gcúrsaí samhraidh ar líne do mhúinteoirí.

## 4.3 Féinmheastóireacht Scoile (FMS)

Tugadh FMS isteach do gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa bhliain 2012. Mhol an Roinn gur cheart do scoileanna díriú ar ghnéithe den fhoghlaim agus den teagasc, agus go háirithe ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bhfoghlaimeoirí a bhreisiú (ach gan díriú go sonrach air sin). In Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Scoileanna, rud a leasaíodh sa bhliain 2022, tugtar tacar caighdeán do scoileanna chun a bhfeidhmíocht ó thaobh teagaisc agus foghlama de a bhreithniú. Thug an Chigireacht faoi chuairteanna comhairleacha chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir leis an dóigh a n-úsáideann siad an creat sin agus maidir le leabú an phróisis FMS.

## 4.4 Ceannaireacht scoile

Colún de straitéis na bliana 2011 ba ea acmhainn na ceannaireachta scoile ó thaobh teagaisc agus foghlama de a thógáil. Bunaíodh an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL)

sa bhliain 2015. Is comhpháirtíocht é atá ar bun idir RO, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD). Dhírigh sé ar thacaíocht a thabhairt do chláir ar ardchaighdeán chun ceannaireacht scoile a fhorbairt, agus chun tacú léi, agus í ag iarraidh feabhsú i litearthacht agus in uimhearthacht a threorú. Dhírigh sé freisin ar chomhairle a thabhairt maidir leis na cláir sin agus ar iad a bhreisiú. Táthar ag leanúint den obair sin anois faoi shainchúram Oide, an tseirbhís tacaíochta nua do mhúinteoirí a seoladh i mí Mheán Fómhair 2023.

12 ECFE (2023). *Starting Strong VII: Empowering Young Children in the Digital Age*

## 5. Tá méadú tagtha ar dheiseanna d'fhoghlaimeoirí le dul i ngleic leis an litearthacht dhigiteach sa seomra ranga agus tríd an gcuraclam

Is casta atá áit na foghlama digití i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige, agus bíonn ár dtuiscint uirthi ag méadú. *Sa Phlean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM (STEM) go dtí 2026*, gheall RLCMLÓ go seolfadh sé comhairliúchán poiblí agus go bhforbródh sé ráiteas beartais maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige, agus é ag cur le taighde ó ECFE.[12]

Cuspóir de chuid athbhreithniú eatramhach na bliana 2017, ba ea scileanna litearthachta digití i scoileanna a bhreisiú. Leis an gcuraclam ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiar-bhunscoile, tairgtear roinnt deiseanna le haghaidh scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt trí iad a chomhtháthú isteach sa churaclam agus sa seomra ranga. Tá athchóiriú an churaclaim ar bun cheana féin, rud lena gcuirfear leis an soláthar sin chun a chinntiú go dtabharfar do dhaoine óga na scileanna digiteacha agus an litearthacht dhigiteach a theastaíonn chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. A bhuí leis an eispéireas i bpaindéim Covid-19, leagadh tuilleadh béime ar an ról ríthábhachtach atá ag an bhfoghlaim dhigiteach. Tacaíodh le scoileanna forbairt a dhéanamh ar acmhainn bhreisithe chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim.

Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027*, leagtar amach cur chuige beartais na Roinne Oideachais chun leanúint den dul chun cinn a rinneadh ar an teicneolaíocht dhigiteach a leabú ar fud an churaclaim agus i ngach gné den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnacht i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal. Is í fís na straitéise ná scoileanna a chumhachtú chun leas a bhaint as deiseanna an chlaochlaithe dhigitigh agus chun inniúlacht dhigiteach a thógáil i measc múinteoirí agus foghlaimeoirí araon. Glactar inti cur chuige trí cholún lena dtugtar aghaidh ar theicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht, ar bhonneagar teicneolaíochta digití, agus ar cheannaireacht beartais, taighde agus dhigiteach. Cuid dhílis den straitéis sin is ea go dtugtar deis do gach foghlaimeoir teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina gcuid foghlama chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun iad a threalmhú leis na scileanna digiteacha riachtanacha a theastaíonn i ndomhan a bhíonn ag éirí níos digití.

Tá an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 ag teacht go dlúth le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Oideachas Digiteach go dtí 2027. Chomh maith leis sin, comhlánaíonn agus cothaíonn sí straitéisí eile amhail an Ráiteas Beartais maidir le hOideachas ETIM (STEM) agus Leas a Bhaint as Digitiú: Creat Digiteach na hÉireann.

# 6. Rinneadh forbairtí suntasacha san oideachas lán-Ghaeilge agus cuireadh tacaíochtaí breise Gaeilge ar fáil freisin do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla

### 6.1 Plean cuimsitheach don Ghaeilge i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige

Tá obair ar bun ar phlean cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh soláthar Gaeilge i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Tá sé le foilsiú ag RLCMLÓ sa bhliain 2024.

### 6.2 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, a seoladh sa bhliain 2017, tugadh deis do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna aitheantas a ghnóthú go foirmiúil mar scoileanna Gaeltachta. Soláthraíodh cistiú breise, tacaí breise agus acmhainní breise, lenar áiríodh cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht agus ó COGG. Éilíodh ar scoileanna critéir theangabhunaithe shonracha a chomhlíonadh chun an tumoideachas a neartú, chun naisc a chothú idir na hearnálacha agus chun páirt a ghlacadh sna próisis pleanála teanga áitiúla. Forbraíodh Táscairí Dea-Chleachtais chun tacú le bunscoileanna Gaeltachta agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta na critéir theangabhunaithe shonracha a chomhlíonadh. Tagraíodh in an-chuid de na táscairí sin do réimsí forbartha litearthachta agus uimhearthachta.

### 6.3 Polasaí nua don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

Tá polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á fhorbairt faoi láthair. Faoin bpolasaí sin, is féidir tacaí a sholáthar do scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chun an dea-chleachtas i litearthacht, in uimhearthacht agus i litearthacht dhigiteach a bhaint amach.

### 6.4 Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile

Le *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019), cuirtear cur chuige comhtháite i leith fhoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge chun cinn. Foilsíodh sonraíochtaí leithleacha Gaeilge sa bhliain 2016 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus in iar-bhunscoileanna lán-Bhéarla.

### 6.5 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Sa bhliain 2019, d'oibrigh RO i gcomhar le RLCMLÓ chun treoirthionscadal a sheoladh chun tacú le foghlaim na Gaeilge trí chur chuige um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige ar suíomhanna lán-Bhéarla iad agus i scoileanna lán-Bhéarla. A bhuí leis sin, is féidir gnéithe den churaclam a sholáthar trí Ghaeilge. Méadaíonn sé an méid a nochtar an Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí trí chur le húsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide agus teagaisc lasmuigh de cheachtanna scoite Gaeilge.

# 7. Tá an cuimsiú agus cothromas sa soláthar oideachais fós ina thosaíocht

Tosaíocht i straitéis na bliana 2011 agus san athbhreithniú eatramhach ba ea dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais trí réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta.

## 7.1 An Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-óige

Tugadh *an Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-óige* isteach sa bhliain 2016 chun tacaíocht agus cumhacht a thabhairt d'oideoirí luathbhlianta agus do cheannairí shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus iad ag iarraidh cleachtais chuimsitheacha a iniúchadh, a thuiscint agus a fhorbairt. Áirítear leis na treoirlínte acmhainní chun tacú le héagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch. Éascaíonn Coistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae foghlaim ghairmiúil ghaolmhar i bpearsa chun tacú leis an gCairt agus leis na Treoirlínte. An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú, rud a chinntíonn gur féidir le leanaí a bhfuil míchumas orthu clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige a rochtain agus páirt fhiúntach a ghlacadh ann, tá sé á leathnú is faide ná clár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige ón mbliain 2024 i leith. Sa bhliain 2024, tabharfar an tSamhail Rannpháirtíochta Cothroime isteach. Sa bhliain 2024, tabharfar Tús Cothrom isteach. Tá sé mar aidhm le Tús Cothrom rochtain chothromasach ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile, agus rannpháirtíocht chothromasach iontu sin, a chur chun cinn do gach leanbh, beag beann ar chúlra, agus díriú ar leith á leagan ar leanaí atá thíos le míbhuntáiste.

## 7.2 Plean CDSIS (DEIS) 2017

Bhí sé mar aidhm le Plean CDSIS (DEIS) 2017 torthaí oideachais níos fearr a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí ó na pobail is mó faoi mhíbhuntáiste agus uasmhéadú a dhéanamh ar an seans a bheidh ag gach leanbh agus ag gach duine óg a lánacmhainneacht oideachais a bhaint amach. Bítear ag súil leis go bhforbróidh scoileanna i gclár CDSIS (DEIS) plean gníomhaíochta le haghaidh feabhais, agus é comhdhéanta de roinnt réimsí, lena n-áirítear an litearthacht agus an uimhearthacht. Leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile (SEF), a bunaíodh sa bhliain 2017, cuireadh ar chumas suíomhanna roghnaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige, scoileanna roghnaithe agus suíomhanna oideachais eile roghnaithe páirt a ghlacadh i gcláir nuálacha trí chineálacha cur chuige fianaisebhunaithe nua a ghlacadh chun tacú le torthaí níos fearr i réimsí éagsúla, amhail an litearthacht agus ETIM (STEM).

Tugtar le fios sna fionnachtana ó thaighde go bhfuil clár CDSIS (DEIS) ag déanamh difear dearfach do ghnóthachtáil i mbunscoileanna CDSIS agus in iar-bhunscoileanna CDSIS. D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas *The evaluation of DEIS: Monitoring achievement and attitudes among urban primary school pupils from 2007 to 2016* sa bhliain 2017. Tugadh le fios ann go raibh an méid a bhí bainte amach sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic ag leanúint ar aghaidh ag feabhsú i mbunscoileanna CDSIS. Thuairiscigh foghlaimeoirí dearfacht mhéadaithe i leith na scoile agus an oideachais. Mar sin féin, is ann do dhúshláin fós. Áirítear leo sin feabhas a chur ar thorthaí i léitheoireacht agus i matamaitic do dhaltaí i scoileanna CDSIS de bhanda 1 chun an bhearna ghnóthachtála le bunscoileanna eile a dhúnadh.

### 7.3 Acmhainní teagaisc riachtanas speisialta oideachais

Tugadh isteach samhail nua in 2017 le haghaidh acmhainní teagaisc riachtanas speisialta oideachais a leithdháileadh ar scoileanna príomhshrutha. Tháinig méadú suntasach ó bhí an bhliain 2011 ann ar an líon múinteoirí oideachais speisialta, ar an líon cúntóirí riachtanas speisialta agus ar an líon ranganna speisialta. Faoin mbliain 2020, leithdháileadh breis agus 19% de bhuiséad foriomlán na Roinne ar an oideachas speisialta. Tugadh isteach freisin samhail chigireachta nua inar díríodh ar riachtanais speisialta oideachais ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiar-bhunscoile.

### 7.4. Tacú le leanaí agus daoine óga ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach

Forbraíodh an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017 – 2021 (SNCLSR) ar bhonn trasrannach. Ag teacht sna sála ar ghealltanais sa straitéis, bunaíodh treoirthionscadal, eadhon *Tacú leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh san Oideachas* (STAR), sa bhliain 2019 chun cineálacha nuálacha cur chuige a thriail chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais do dhaltaí ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach. Foilseofar leagan nua den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach sa bhliain 2024. Tá Straitéis náisiúnta um Oideachas don Lucht Siúil agus do na Romaigh á forbairt freisin.

### 7.5 Ilchultúrchas agus ilteangachas

Tá suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige ag éirí níos ilchultúrtha agus níos éagsúla ón taobh teangeolaíoch de. Mar gheall ar threochtaí domhanda, tá méadú tagtha le linn thréimhse feidhme na straitéise ar an líon foghlaimeoirí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu. Tá eispéiris foghlama gairmiúla agus acmhainní foghlama gairmiúla ag tacú le hoideachas cuimsitheach, agus réimsí na riachtanas speisialta oideachais, an iolchultúrachais agus an mhíbhuntáiste oideachasúil á gcur ar áireamh. Tháinig siad sin chun bheith ina réimsí éigeantacha i ngach clár Oideachais Tosaigh Múinteoirí.

# 8. Rinneadh forbairtí sna tacaíochtaí don fhoghlaim lasmuigh de shuíomhanna oideachais foirmiúla

## 8.1 Beartais náisiúnta

I mbeartais náisiúnta ar nós *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020* (Aibreán 2014), tugadh aitheantas ar cé chomh tábhachtach agus atá sealbhú scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha mar chuid dhílis de dheiseanna gach foghlaimeora sa saol. Sa straitéis a tháinig i gcomharbas uirthi, eadhon *Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028*, sainaithnítear sábháilteacht ar líne do dhaoine óga mar ábhar imní lárnach.

## 8.2 Leabharlanna

Áirítear leis Na Chéad 5 gníomhartha spriocdhírithe sonracha amhail na Bearta Naíonán Beag agus Tionscnamh na Leabharlainne Bige a triaileadh le déanaí, rud lena méadaítear an fháil ar leabhair i dtithe agus i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, agus teagmháil le seirbhísí leabharlainne á cur chun cinn. Tá leabharlanna ina spás inar féidir le tuismitheoirí agus le leanaí acmhainní litearthachta agus uimhearthachta saor in aisce a rochtain, lena n-áirítear acmhainní digiteacha fairsinge. Seoladh an Clár 'Ceart chun Léamh' sa bhliain 2017 chun tacú leis an léitheoireacht, agus áirítear leis tionscnaimh do leanaí agus do theaghlaigh agus seirbhísí éagsúla chun tacú le scoileanna. Sa *Straitéis Leabharlann Poiblí 2018-2022: Deiseanna do Chách*, cuireadh cur chuige comhoibríoch chun cinn idir scoileanna agus leabharlanna poiblí maidir le léamh mar chaitheamh aimsire. Tháinig *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid – Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027* in ionad na straitéise sin. Tá sé mar aidhm léi deiseanna a sholáthar do gach duine chun daoine aonair liteartha eolacha a fhorbairt agus chun próifíl an léimh mar chaitheamh aimsire agus ar son folláine a ardú i mBéarla, i nGaeilge agus i dteangacha eile. Aidhm eile atá léi is ea 'tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil ar gach uile bhealach agus bheith mar chomhpháirtí ríthábhachtach sna hiarrachtaí chun cuimsiú digiteach a fheabhsú'.

## 8.3 Tacaí tuismitheoireachta

Faoi Na Chéad 5, leanann an tAonad Beartais Tacaíochta do Thuismitheoirí in RLCMLÓ d'fheabhas a chur ar na tacaí tuismitheoireachta a sholáthraítear cheana féin ar fud raon Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit trí *Ag Tacú le Tuismitheoirí: Samhail Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Tuismitheoireachta*. Rinneadh acmhainní faisnéise tuismitheoireachta a chomhdhlúthú ar shuíomh Gréasáin nua um Thacú le Tuismitheoirí chun iompraíochtaí sláintiúla a chur chun cinn, chun súgradh dearfach atá bunaithe ar luathfhoghlaim a éascú, agus chun na dálaí a chruthú chun caidreamh láidir idir tuismitheoirí agus leanaí a chruthú agus a chothabháil.

Tá díriú méadaithe ann in RO ar acmhainní do thuismitheoirí a sholáthar. Áirítear leis sin an tAonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí a bhunú.

## 8.4 Cúram Leanaí ar Aois Scoile

Sa bhliain 2017, d'fhoilsigh RLCMLÓ (RLGÓ ag an am) agus RO *Plean Gníomhaíochta maidir le Cúram Leanaí ar Aois Scoile* i gcomhpháirt. Sa bhliain 2019, bhí seirbhísí cúram leanaí ar aois scoile faoi réir rialála den chéad uair riamh. Sa bhliain 2020, d'fhoilsigh RLCMLÓ na *Treoirlínte Cáilíochta Náisiúnta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile*, ina gcuirtear síos ar na gnéithe de sheirbhís ar ardchaighdeán, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le sláinte, folláine, foghlaim agus forbairt leanaí agus daoine óga.

### 8.5 An Litearthacht Dhigiteach agus Eagraíochtaí Óige

Tá cláir faoin litearthacht dhigiteach forbartha ag eagraíochtaí Óige, lena n-áirítear Foróige, na Gasóga agus na Banóglaigh, dá mbaill, chun cuidiú le daoine óga lena mbealach a dhéanamh go sábháilte sa domhan digiteach agus le mífhaisnéis a aithint. Cuireann líonra náisiúnta na nIonad Eolais Óige tacaíocht ar fáil do dhaoine óga le rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis iontaofa ar líne.

### 9. Rinneadh forbairtí suntasacha san oideachas lán-Ghaeilge agus cuireadh tacaíochtaí breise Gaeilge ar fáil freisin do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla

Is iad an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, arb í an straitéis uileghabhálach í, agus an *Plean Gníomhaíochta* tionlacain don Ghaeilge an beartas stáit don Ghaeilge agus do réigiúin Ghaeltachta, agus cuimsítear iontu naoi réimse gníomhaíochta, lena n-áirítear an t-oideachas, an Ghaeltacht agus tarchur teanga ag an teaghlach: idirghabháil luath. Leis an Straitéis, cuirtear cur chuige uilíoch comhtháite i leith na Gaeilge chun cinn, ar cur chuige é atá comhsheasmhach leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá freagracht ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as cur chun feidhme na straitéise a chomhordú, i measc nithe eile, agus soláthraíonn sí cistiú chun tacú le cláir theangalárnacha a bhaineann leis na réimsí gníomhaíochta sin, lena n-áirítear iad sin a bhfuil díriú ar leith acu ar fhearainn na luathbhlianta, an teaghlaigh agus na n-ealaíon traidisiúnta trí chláir oibre chomhaontaithe a chistiú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus le hEalaín na Gaeltachta faoi seach. Soláthraíonn na heagraíochtaí sin tacaí ríluachmhara don fhoghlaim lasmuigh de shuíomhanna oideachais fhoirmiúil.

# Aguisín 4 – Straitéisí agus polasaithe ríthábhachtacha

| An Roinn Oideachais |
|---|
| An Roinn Oideachais (2017). Plean CDSIS (DEIS) 2017 |
| An Roinn Oideachais (2016). Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear |
| An Roinn Oideachais (2020). Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017-2022) |
| An Roinn Oideachais. An Treoirthionscadal um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha |
| An Roinn Oideachais (2022). An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010). Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige |
| An Roinn Oideachais (2017). Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM (STEM) 2017-2026 |
| An Roinn Oideachais (le foilsiú). An Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Lucht Siúil agus do na Romaigh |
| An Roinn Oideachais (2017). Plean CDSIS (DEIS) 2017, Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| CNCM (2009). *Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige* |
| CNCM (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* |
| CNCM (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015* |
| CNCM. Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí \| CNCM |

| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
|---|
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014). Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2016). Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-óige |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015). Tacú le Rochtain ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige do Leanaí a bhfuil Míchumas orthu: Tuarascáil ón nGrúpa Idir-Rannach, 2015 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2017). An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2019). An Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach 2017-2020 |
| Rialtas na hÉireann (2019). Na Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2020). An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021). Comhpháirtíocht le Leas an Phobail: Samhail Cistiúcháin Nua don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021). An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí 2021-2028 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2022). Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2024). Tús Cothrom |

| Ranna eile |
|---|
| An Roinn Coimirce Sóisialaí (2020). Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025: Pleananna, Spriocanna, Gealltanais |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (2019). Plean Gníomhaíochta le haghaidh Sábháilteacht ar Líne 2018-2019 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú, leagan nua ó fhoilsiú an athbhreithnithe litríochta i leith |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (2013). Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge |
| Roinn an Taoisigh. Leas a Bhaint as Digitiú: Creat Digiteach na hÉireann 2022 |

| Comhoibriú: |
|---|
| An Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhoibriú leis an Roinn Sláinte, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta:<br><br>Déanann Teangacha Nasc, Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026<br><br>Déanann Teangacha Nasc: Plean ForfheidhmitheDéanann Teangacha Nasc:<br><br>Tuarascáil Athbhreithnithe Eatramhaigh agus Plean Forfheidhmithe go dtí 2026 |
| An Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. An Dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go 2030 |

# Aguisín 5 – Grúpa Stiúrtha Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití

| | | |
|---|---|---|
| Dalton Tattan | An Roinn Oideachais | Comhchathaoirleach |
| Annmarie Brooks | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | Comhchathaoirleach |
| Martin Whyte | An Chigireacht, An Roinn Oideachais | |
| Evelyn O'Connor | An tAonad um Beartais Churaclaim agus Measúnachta, An Roinn Oideachais | |
| Toby Wolfe | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | |
| Stacey Cannon/ Susan McNamara | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | |
| Christine O'Sullivan | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) | |
| Aidan Clerkin | An tIonad Taighde Oideachais | |
| Eithne Kennedy | An Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | |
| Ger French | An Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | |
| Niamh O'Meara | Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte, Ollscoil Luimnigh | |
| Jacqueline Ní Fhearghusa | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) | |

**Arna thacú ag**
Karen Murtagh, An Roinn Oideachais
Aoife Mannion, An Roinn Oideachais
Noreen Fiorentini, An Chigireach, An Roinn Oideachais
Jane Heffernan, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Bibleagrafaíocht Roghnaithe

# Bibleagrafaíocht Roghnaithe

- Clerkin, A., Perkins, R., & Cunningham. R. (2016). *TIMSS 2015 in Ireland: Mathematics and science in primary and post-primary schools.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Cosgrove, J., Feerick, E., Moran, E., & Perkins, R. (2022). *Digital technologies in education – Ireland in the international context: Trends and implications from PISA 2012-2018.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Delaney, E., McAteer, S., Delaney, M., McHugh, G., & O'Neill, B. (2023). *PIRLS 2021: Reading results for Ireland*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Delaney, E., McAteer, S., McHugh, G., & O'Neill, B. (2022). *Primary school reading in Ireland in PIRLS 2016: Perspectives of pupils, parents and teachers*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011). *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol.* Ar fáil anseo.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2015). *An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020.* Ar fáil anseo.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2017). *Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020).* Ar fáil anseo.
- An Roinn Oideachais. (2022). *Tuarascáil an Phríomhchigire 2016-2020: Sármhaitheas san Fhoghlaim do Chách.* Ar fáil anseo.
- Donohue, B., Perkins, R., Walsh, T., O'Neill, B., Ó Duibhir, C., & Duggan, A. (2023). *Education in a Dynamic World: The performance of students in Ireland in PISA 2022*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Duggan, A., Karakolidis, A., Clerkin, A., Gilleece, L., & Perkins, R. (2023). 'Trends in educational inequalities in Ireland's primary schools: an analysis based on TIMSS data (2011–2019)'. *Large-Scale Assessments in Education*, 11:39. Ar fáil anseo.
- French, G. & McKenna, G. (2022). *Literature review to support the updating of Aistear the early childhood curriculum framework*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil anseo.
- Gilleece, L., & Nelis, S. M. (2023). Ireland's 2021 National Assessments of Mathematics and English Reading: Exploring the home backgrounds, classrooms and schools of pupils in Urban DEIS schools. An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.

  Karakolidis, A., Duggan, A., Shiel, G., & Kiniry, J. (2021). 'Educational inequality in primary schools in Ireland in the early years of the national literacy and numeracy strategy: An analysis of national assessment data'. *Irish Journal of Education*, 44 (1), 1-24. Ar fáil anseo.
- Kennedy, E., Shiel, G., French, G., Harbison, L., Leahy, M., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2023). *Towards a New Literacy, Numeracy and Digital Literacy Strategy: A Review of the Literature*. An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.

- Kiniry, J., Duggan, A., Karakolidis, A., Cunningham, R. & Millar, D. (2023). *The National Assessments of Mathematics and English Reading 2021: Performance Report*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Nelis, S. M. & Gilleece, L. (2023). *Ireland's National Assessments of Mathematics and English Reading 2021: A focus on achievement in urban DEIS schools*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- O'Toole, L., Kerrins, L., Walsh, G., Doherty, A., Forde, D., Kelleher, F., Matson, S., McCartney, S., Stafford, P. and Stokes, T. (2023). *A consultation with babies, toddlers and young children to inform the updating of Aistear, the Early Childhood Curriculum Framework* (CNCM, 2009).
- Perkins, R. & Clerkin, A. (2020). *TIMSS 2019: Ireland's results in mathematics and science*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Shiel, G., French, G., Kennedy, E., & McCormack, M. (2023). *Outcomes of the National Literacy and Numeracy Strategy in Relation to DEIS in early childhood education, primary and post-primary settings*. An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.
- Shiel, G., & Pitsia, V. (2022). *Addressing the needs of high-achieving and highly able students in literacy and numeracy*. An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.
- Shiel, G., McHugh, G., Denner, S., Delaney, M., Cosgrove, J., with McKeown, C. (2022). *Reading literacy in Ireland in PISA 2018: Performance, policy and practice*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.
- Shiel, G., Kelleher, C., McKeown, C., & Denner, S. (2016). *Future ready? The performance of 15-year-olds in Ireland on science, reading literacy and mathematics in PISA 2015*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil anseo.

